Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Tuarascáil Bhliantúil 2012
# Annual Report 2012



*Malahide Castle* image by Stefano Mortellaro

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Mhéara | 3 |
| Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae | 4 |
| Léarscáil Thoghlimistéar Chomhairle Contae Fhine Gall | 5 |
| An Roinn Gnóthaí Corparáideacha | 6 |
| Roinn na nAiltirí | 27 |
| Pobal, Cultuír agus Spoírt | 31 |
| Comhshaol, Gnó & Fiontar | 38 |
| An Roinn Airgeadais | 55 |
| An Roinn Tithíochta | 59 |
| Roinn na nAcmhainní Daonna | 63 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 64 |
| An Roinn Dlí | 67 |
| Rannán Leabharlanna | 68 |
| Roinn na nOibríochtaí | 71 |
| An Roinn um Pleanáil & Bonneagar Straitéiseach | 79 |
| Roinn na Seirbhísí Uisce | 86 |

# Réamhrá an Mhéara



Bliain dhúshlánach eile í 2012 do mhuintir Fhine Gall agus bliain inar lean Comhairle Contae Fhine Gall ag soláthar raon seirbhísí dá bhfuil cur síos sa tuarascáil seo. Ba mhaith liom an deis seo a thapú aird a tharraingt ar roinnt de na réimsí oibre a mbíonn an Chomhairle ina mbun.

I gcás roinnt mhaith d'obair na Comhairle ní thugtar í faoi deara, go háirithe soláthar seirbhísí amhail draenáil, bóithre, tithíocht shóisialta agus cothabháil spásanna oscailte agus páirceanna. Tá soláthar na seirbhísí sin ríthábhachtach inár saol. Cuidítear le hinfheistiú i bpoist agus le forbairt eacnamaíochta i gcás go ndéantar bonneagar tábhachtach a sholáthar, mar shampla bonneagar uisce, fuíolluisce agus iompair.

I mí an Mheithimh ba mhór an onóir dúinn é gur tháinig an Tóirse Oilimpeach go Binn Éadair. Ba é Cillian Kirwan, mac léinn áitiúil, a d'iompair an tóirse agus chuir Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigín, fáilte roimhe. Léiríodh díograis na Comhairle i leith an spóirt arís i mbliana le roinnt tionscadal – ina measc bhí an Chorn Harmony, Clár Dornálaíochta na Scoileanna agus na sraithchomórtais sacair istoíche a reáchtáladh i Sord, na Sceirí, Lusca, Baile Brigín agus Baile Átha Cliath 15.

I mí na Samhna 2012 bheartaigh baill thofa na Comhairle Painéal Réitigh Fhine Gall do Cheist na Piríte a bhunú chun dul i ngleic leis na sainriachtanais agus na fiosruithe ó úinéirí tí i bhFine Gall a raibh tionchar ag ceist na Piríte orthu. Tá mé buíoch den fhoireann, de na Comhairleoirí agus d'ionadaithe na n-áitritheoirí a d'oibrigh go deonach ar an bpainéal seo agus tá súil agam go mbeidh ról úsáideach aige san iarracht Pirít imoibríche a bhaint ó gach teach inár gContae.

I dtreo dheireadh mhí na Samhna osclaíodh arís Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde a athchóiríodh le déanaí. Tá Ionad Léirithe nua sa Chaisleán, maille le rochtain níos fearr ar an gCaisleán agus ar na Gairdíní, agus is léiriú é sin ar dhíograis na Comhairle i leith ár n-oidhreachta. Ar an ábhar céanna d'fhoilsigh an Chomhairle leabhar faoi na Túir Martello le linn na bliana, ina raibh cur síos sonrach ar stair agus cúlra gach Túir Martello ó Chill Fionntain go Baile Brigín, chomh maith lena macasamhlacha trasna Bhá Bhaile Átha Cliath.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le comhairleoirí Fhine Gall agus le foireann na Comhairle as a ndianobair agus iad ag déanamh ionadaíochta thar ceann mhuintir Fhine Gall agus i soláthar raon leathan seirbhísí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leosan a chuireann le saol eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus spóirt ár gContae, ag tógáil pobal agus ag cinntiú go bhfuil Fine Gall ina rogha áite le bheith ag cónaí agus ag obair.

***Cian O'Callaghan,***

***Méara Fhine Gall***



# Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae

Bhí 2012 ina bliain lán dúshlán do shaoránaigh agus do ghnóthaí Fhine Gall. D'ainneoin sin lean an t-údarás áitiúil ag freagairt do riachtanais na saoránach agus ag soláthar seirbhísí éifeachtacha, éifeachtúla. Cé go raibh an iliomad buaicphointí ann dúinn i bhFine Gall i rith 2012, níl ar mo chumas anseo ach trácht ar roinnt díobh.
D'éirigh thar barr leis an imeacht Flavours of Fingal a reáchtáladh i mí Iúil i nDiméin an Droichid Nua, Domhnach Bat. Ní éireodh chomh maith sin leis ach dúthracht fhoireann Chomhairle Contae Fhine Gall mar ar éiligh siad na caighdeáin is airde. Tá aitheantas ag dul do na gnóthaí agus na heagraíochtaí iomadúla a chuir a n-earraí agus a seirbhísí ar taispeáint. Taispeántas a bhí ann den chuid is fearr d'Fhine Gall agus tá Flavours of Fingal 2013 buailte linn arís!
I mí na Samhna bhronn Uachtarán Chomhairle Oilimpeach na hÉireann, gradam ar Chomhairle Contae Fhine Gall ag tabhairt aitheantais don Chomhairle le Trófaí Idirnáisiúnta an Choiste Oilimpigh "Spórt agus Forbairt Inbhuanaithe" as na tionscnaimh iomadúla a bhí ar bun ag Comhairle Contae Fhine Gall sa tréimhse ina raibh an Tóirse Oilimpeach i mBaile Átha Cliath ar an 6 Meitheamh 2012.
Chomh maith leis sin, i mí na Samhna, nocht an Méara An Comhairleoir Cian O'Callaghan, i gcuideachta an Aire Varadkar, go hoifigiúil an leac cuimhneacháin ar athoscailt Chaisleán agus Ghairdíní Mhullach Íde, comóradh ar chéim nua saoil na saoráidí ansin. Ócáid shuaithinseach a bhí ann le tinreamh maith ag ceiliúradh chur i gcrích na n-oibreacha ann – obair ardchaighdeáin athchóirithe, ag cur leis an leagáid a tosaíodh nuair a cheannaigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath an Diméin sna 1970í agus leis an méid cúraim a rinne foireann na Comhairle sin agus Chomhairle Contae Fhine Gall den áit.


Foilsíodh doiciméad nua rialtais áitiúil, Putting People First, An Action Plan for Effective Local Government i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus sonraíodh ann roinnt tograí a chuirfear i bhfeidhm roimh na chéad toghcháin áitiúla eile a reáchtálfar i mí an Mheithimh 2014.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann Fhine Gall as an méid tacaíochta a chuir siad ar fáil agus as a ndianobair anuraidh. Tá ár struchtúr nua eagraíochtúil anois comhshnaidhmthe go daingean san eagraíocht. Ní bheadh sin indéanta ach le comhoibriú agus díograis na foirne a lean orthu ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhí ann dóibh. Ar cheann de shaintréithe na comhairle seo bhí bealaí nuálacha chun seirbhísí a sholáthar ó bunaíodh an chomhairle sa bhliain 1994 agus, is léir ón bhfianaise anseo, go bhfuil an Chomhairle fós ag leanúint leis an sainmheon sin. Thug Cumainn Luchta Tráchtála Éireann aitheantas don obair sin tráth ar bhuaigh Comhairle Contae Fhine Gall an gradam Éifeachtúlacht Eacnamaíochta san Údarás Áitiúil sa bhliain 2012.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Méara, leis an gComhairleoir Cian O'Callaghan agus lena réamhtheachtaí an Comhairleoir Gerry McGuire agus le gach Ball den Chomhairle as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht i ndáil leis na saincheisteanna go léir a tháinig chun cinn le linn 2012.

***David O'Connor***
***Bainisteoir Contae***

# Léarscáil Thoghlimistéar Chomhairle Contae Fhine Gall



# An Rionn Gnóthaí Corparáideacha

Sa Roinn seo tá:

- An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
- An Rannán Seirbhísí Réadmhaoine
- Comhpháirtíocht na Láithreacha Oibre
- An tAonad um Iniúchadh Inmheánach
- Aonad na nImeachtaí
- An tAonad Cumarsáide

**MÉARA**



Gerry McGuire
Méara
Eanáir 2012-Meitheamh 2012



Cian O'Callaghan
Méara
Meitheamh 2012-Nollaig 2012

**LEAS-MHÉARA**



Ken Farrell
Leas-Mhéara
Eanáir 2012-Meitheamh 2012



Peggy Hamill
Leas-Mhéara
Meitheamh 2012-Nollaig 2012

## BAILL THOFA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

### ***TOGHCHEANTAR BHAILE BRIGÍN***



Ken Farrell, (Páirtí an Lucht Oibre), 4  An Céide, Páirc Orlynn,
Lusca, Co. Átha Cliath. Fón Póca: 087-755 1927
R-phost: ken.farrell@fingalcoco.ie




David O'Connor, (Neamh-pháirtí), "Meadowlands", Baile Bachaille,
Co. Átha Cliath. Teil: 843 3691 (B), Fón Póca: 087 680 3860
R-phost: davidj.oconnor@fingalcoco.ie



Tom O'Leary, (Fine Gael), 4 Haven House, Sráid Thomáis Uí Láimhín,
Na Sceirí, Co. Átha Cliath. Teil: No. 890 5022
R-phost: tom.oleary@fingalcoco.ie



Ciaran Byrne, (Páirtí an Lucht Oibre), 41 An Trá Theas, Na Sceirí,
Co. Átha Cliath. Teil: 849 1179 (H), Fón Póca: 087 227 3060.
Facs: 849 5361)
R-phost: ciaran.byrne@fingalcoco.ie



May McKeon (Neamh-pháirtí) "Sheemore", Faiche Nua an Mhargaidh,
Baile Bhrigín, Co. Átha Cliath. Teil: 841 3660 (H), Fón Póca: 087 785 2644)
R-phost: may.mckeon@fingalcoco.ie

### ***TOGHCHEANTAR SHORD***



Gerry McGuire (Páirtí an Lucht Oibre), 1 An Trá, Domhnach Bat,
Co. Átha Cliath. Teil: 843 6014, Fón Póca: 087 238 1980
R-phost: gerry.mcguire@fingalcoco.ie




Tom Kelleher (Páirtí an Lucht Oibre), Cill Shalcháin,  Co Átha Cliath.
Fón Póca: 087 2837165
R-phost: tom.kelleher@fingalcoco.ie



Darragh Butler (Fianna Fáil), 17 Clós an Ghoirt Aird, Sord, Co Átha Cliath.
Fón Póca: 087 959 5378
R-phost: darragh.butler@fingalcoco.ie



Anne Devitt, (Neamh-pháirtí), Lios Pubaill, Sord, Co. Átha Cliath.
Teil: 840 9728 (H) Fón Póca: 086 812 3435
R-phost: anne.devitt@fingalcoco.ie



Eugene Coppinger (An Páirtí Sóisialach), 46 Siúlán na Foraoise,
Gleann na hAbhann, Sord, Co. Átha Cliath
Fón Póca: 087 232 7412
R-phost: eugene.coppinger@fingalcoco.ie

## TOGHCHEANTAR BHINN ÉADAIR/MHULLACH ÍDE




Peter Coyle, (Páirtí an Lucht Oibre), 8 Cúirt an Choinicéir, Port Mearnóg,
Co. Átha Cliath. Teil: 846 0327 (H), Fón Póca: 087 283 7160
R-phost: peter.coyle@fingalcoco.ie



Cian O'Callaghan (Páirtí an Lucht Oibre), 5 Cúirt Campbell, An tSráid Mhór,
Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13. Fón Póca: 086 286 6631
R-phost: cian.ocallaghan@votelabour.ie



Eoghan O'Brien, (Fianna Fail), 7 Radharc Seabury, Mullach Íde,
Co. Átha Cliath. Fón Póca 086 858 0562
R-phost: eoghan.obrien@fingalcoco.ie




Joan Maher, (Fine Gael), 19 Cearnóg Chois Bá Thoir, Cill Fhionntain,
Baile Átha Cliath 13.
Teil: 832 4840 (B), Facs: 832 4840 (B) Fón Póca: 087 283 7169
R-phost: joan.maher@fingalcoco.ie



Anthony Lavin, (Fine Gael), 8 Bóthar Chalfont,
Mullach Íde, Co. Átha Cliath.
Fón Póca: 087 993 1329
R-phost: anthony.lavin@fingalcoco.ie

## TOGHCHEANTAR MHULLACH EADRAD



Ruth Coppinger, (An Páirtí Sóisialach), 159 Fraoch Chaisleán an Churraigh,
Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15.
Teil: 811 6174, Fón Póca: 087 673 0187
R-phost: ruth.coppinger@fingalcoco.ie




Kieran Dennison, (Fine Gael), 1 Gráinseach Fernleigh,
Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15.
Fón Póca: 087 259 5949
R-phost: kierandennison@gmail.com



David McGuinness, (Fianna Fáil), 34 Siúlán Ghoirt an Mhainéir,
Cluain Aodha, Baile Átha Cliath 15.
Fón Póca: 087 641 5403
R-phost: dmcguinn@tcd.ie



Michael O'Donovan, (Páirtí an Lucht Oibre), 70 Céide Delwood,
Baile Átha Cliath 15
Teil: 822 0030 (O) Fón Póca: 087 220 7798
R-phost: michael.odonovan@fingalcoco.ie



Mary McCamley, (Páirtí an Lucht Oibre), Noll. 2011,
147 Gleann Chaisleán an Churraigh, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15.
Fón Póca: 087 650 1441
R-phost: mary.mccamley@fingalcoco.ie

## ***TOGHCHEANTAR CHAISLEÁN CNUCHA***



Eithne Loftus, (Fine Gael), 6 Ascaill Pháirc na bhFianna,
Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15.
Fón Póca: 087 622 3419
R-phost: eithne.loftus@fingalcoco.ie



Peggy Hamill, (Páirtí an Lucht Oibre), "Back Lodge", Oatlands,
Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15.
Teil: 821 6100, Fón Póca: 087 993 0009
R-phost: cllrpeggy.hamill@fingalcoco.ie



Mags Murray, (Fianna Fail), 13 Clós Lohunda, Radharc na Páirce,
Cluain Saileach, B.Á.C. 15.
Teil: Fón Póca 086 065 1419
R-phost: mags.murray@fingalcoco.ie



Matthew Waine, (An Páirtí Sóisialach), 58 Garrán Radharc na Coille,
Baile Bhlainséir, B.Á.C. 15
Fón Póca: 087 668 4616
R-phost: mattwaine@gmail.com

## BUANCHOISTÍ

## COISTÍ LIMISTÉIR

| | |
|---|---|
| **Baile Bhrigín/Sord** | Baill thoghcheantair Bhaile Bhrigín and Shord agus Cathaoirleach Chomhairle Baile Bhaile Bhrigín |
| **Caisleán Cnucha/ Mullach Eadrad** | Baill Thoghcheantair Chaisleán Cnucha agus Mhullach Eadrad |
| **Binn Éadair/Mullach Íde** | Baill Thoghcheantair Bhinn Éadair agus Mhullach Íde |

**Coiste Eagrúcháin agus Gnáis**
(Tá gach Ball de Chomhairle Contae Fhine Gall ina mBaill den Choiste seo)

**An Grúpa Beartais Chorparáidigh**
Gerry McGuire (Méara) - Eanáir 2012 - Meitheamh 2012
Cian O'Callaghan (Méara) - Meitheamh 2012 - Nollaig 2012
Mags Murray (Cathaoirleach) C.B.S. Iompair.
Tom Kelleher (Cathaoirleach) C.B.S. Pleanála & Forbartha.
Kieran Dennison - Eanáir 2012 agus Eithne Loftus tagtha i gcomharba air - Eanáir - Nollaig 2012 (Cathaoirleach) C.B.S. Comhshaoil.
David O'Connor (Cathaoirleach) C.B.S. Pobail agus Ginearálta.
Ruth Coppinger (Cathaoirleach) C.B.S. Tithíochta.

## BAILL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM POBAL AGUS GNÓTHAÍ GINEARÁLTA

**Comhairleoirí**
David O'Connor (Cathaoirleach)
Darragh Butler
Peter Coyle
Anne Devitt
Peggy Hamill
Mary McCamley
Cian O'Callaghan
Matthew Waine

**Baill nach Comhairleoirí iad**
Gráinne Maguire
Padraig McMahon
Brendan Sherlock
Paul Holden
Myles Caulfield
Clodagh O'Donovan

## BAILL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM CHOMHSHAOL

**Comhairleoirí**
Eithne Loftus (Cathaoirleach)
Peter Coyle
Eugene Coppinger
Kieran Dennison
Anthony Lavin
Peggy Hamill
Gerry McGuire
May McKeon
David O'Connor
Eoghan O'Brien

**Baill nach Comhairleoirí iad**
Olive Byrne
Valerie Henderson
David Rogers
Maire O'Brien
Stephen Malone
Ms. Terry Cummins

## BAILL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM THITHÍOCHT

**Comhairleoirí**
Ruth Coppinger (Cathaoirleach)
Eugene Coppinger
Kieran Dennison
Ken Farrell
Joan Maher
Mary McCamley
Gerry McGuire
David McGuinness
Cian O'Callaghan
Michael O'Donovan

**Baill nach Comhairleoirí iad**
Andrew McCann
Sylvester Greally
Kathleen McKillion
Roderick O'Gorman
John Cumisky
Howard Mahony

## BAILL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

**Comhairleoirí**
Tom Kelleher, (Cathaoirleach)
Ciarán Byrne
Anne Devitt
Anthony Lavin
Joan Maher
David McGuinness
Mags Murray
Michael O'Donovan
Tom O'Leary
Matthew Waine

**Baill nach Comhairleoirí iad**
Rory Bannon
Terry Kelleher
Kieran O'Neill
Terry Cummins
Ciaran Corcoran
Brian McKeon

## BAILL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM IOMPAR

**Comhairleoirí**
Mags Murray (Cathaoirleach),
Darragh Butler
Ciarán Byrne
Ruth Coppinger
Ken Farrell
Tom Kelleher
Eithne Loftus
Eoghan O'Brien
Tom O'Leary
May McKeon

**Baill nach Comhairleoirí iad**
Rory Bannon
Brendan Doorley
Raymond Ryan
David Donnelly
Jean Fay Brady
Cathal Boland
Bernadette O'Connell

## BALLRAÍOCHT NA gCOMHAIRLEOIRÍ LE FORAIS EILE

### BAILL FHÓRAM POBAIL BHAILE BHLAINSÉIR
**Comhairleoirí**
Eithne Loftus
Mary McCamley

### BAILL CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH NA hABHANTRAÍ THOIR
**Comhairleoirí**
Ken Farrell
David O'Connor

### BAILL FHÓRAM PÓILÍNEACHTA POBAIL SHORD
**Comhairleoirí**
Darragh Butler
Ann Devitt
Gerry McGuire

### AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA
**Comhairleoirí**
Peter Coyle
Ciaran Byrne
Joan Maher

**Baill nach Comhairleoirí iad**
An Dr. Philip Byrne
Sean Carey
Joe Harford
Ashley Connolly

### COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH
**Comhairleoirí**
Ken Farrell
David McGuinness
Joan Maher
Gerry McGuire
Michael O'Donovan

**Baill nach Comhairleoirí iad**
Deirdre Doherty Ryan
Don Tipping
Pat Ward
Liz Kelly

### CUMANN NA gCOMHAIRLÍ CONTAE AGUS CATHRACH
**Comhairleoirí**
Eithne Loftus
Tom Kelleher
Michael O'Donovan

## ÚDARÁS RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH
**Comhairleoirí**
Peggy Hamill
May McKeon
Anne Devitt
Ciarán Byrne
Peter Coyle

## TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR
**Comhairleoirí**
Ciarán Byrne
Anne Devitt

## BORD FIONTAR CONTAE FHINE GALL
**Comhairleoirí**
Peter Coyle
Kieran Dennison
Gerry McGuire
May McKeon

## COMHAR-ÁRACHAS COMHAIRLÍ ÉIREANN TEO
**Comhairleoir**
Mags Murray

## CUMANN BHAILL NA nÚDARÁS ÁITIÚIL
**Comhairleoir**
Mags Murray

## TURASÓIREACHT BHAILE ÁTHA CLIATH
**Comhairleoir**
Peter Coyle

## TURASÓIREACHT FHINE GALL TEO
**Comhairleoirí**
Gerry McGuire (Méara) - Eanáir 2012 - Meitheamh 2012
Cian O'Callaghan (Méara) - Meitheamh 2012 - Nollaig 2012
Peter Coyle

## NORTH DUBLIN DEVELOPMENT COALITION (NORDUBCO)
**Comhairleoirí**
Gerry McGuire (Méara) - Eanáir 2012 - Meitheamh 2012
Cian O'Callaghan (Méara) - Meitheamh 2012 - Nollaig 2012
Anne Devitt

## BORD COMHPHÁIRTÍOCHTA LEADAR FHINE GALL
**Comhairleoirí**
May McKeon
Ciaran Byrne
Anne Devitt

## COMHAONTÚ FOSTAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH – GRÚPA BEARTAIS STRAITÉISIGH

**Comhairleoir**
Michael O'Donovan

## COMHPHÁIRTÍOCHT LIMISTÉIR BHAILE BHLAINSÉIR

**Comhairleoirí**
Kieran Dennison
Peggy Hamill
Matthew Waine

## COISTE COMHAIRLEACH ÁITIÚIL UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

**Comhairleoirí**
Anne Devitt
Eugene Coppinger
Cian O'Callaghan

## TASCFHÓRSA DRUGAÍ BHAILE BHLAINSÉIR

**Comhairleoirí**
Mary McCamley
David McGuinness

## COMHCHOISTE COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA FHINE GALL AGUS DHEISCEART NA CATHRACH-GHLEANN NA LIFE

**Méara:** Gerry McGuire (Méara) - Eanáir 2012 – Meitheamh 2012
Cian O'Callaghan (Méara) - Meitheamh 2012 – Nollaig 2012

### Toghcheantar Chaisleán Cnucha:

**Comhairleoirí**
Peggy Hamill
Mags Murray
Matthew Waine
Eithne Loftus

### Toghcheantar Mhullach Eadrad:

**Comhairleoirí**
Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Kieran Dennison
David McGuinness
Mary McCamley

## FÓRAM NÁISIÚNTA UM FHORBAIRT TUAITHE

**Comhairleoir**
Ciarán Byrne

## COISTE IDIRCHAIDRIMH INLÍONTA BHAILE AMHLAOIBH

**Comhairleoirí**
Ken Farrell
May McKeon
Anne Devitt
Gerry McGuire

## FÓRAM OIDHREACHTA AN CHONTAE

**Comhairleoirí**
David O'Connor
Peter Coyle
Kieran Dennison
May McKeon
Mags Murray

## FÓRAM LIMISTÉIR IMILL THUAIDH

**Comhairleoirí**
Cian O'Callaghan
Joan Maher
Peter Coyle
Eoghan O'Brien
Alan Farrell

## FÓRAM RÉIGIÚNACH SLÁINTE BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS AN OIRTHUAISCIRT

**Comhairleoirí**
May McKeon
Mags Murray
Eithne Loftus
Gerry McGuire
Anne Devitt
Kieran Dennison

## GRÚPA STIÚRTHA HANSFIELD SDZ

**Comhairleoirí**
Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Mary McCamley
David McGuinness
Kieran Dennison

## GRÚPA COMHTHÁITE IOMPAIR FHINE GALL

**Comhairleoir**
Mags Murray

## FINE GALL FOLLÁIN

**Comhairleoirí**
Gerry McGuire
Michael O'Donovan
Peter Coyle
Eithne Loftus
Tom O'Leary

## COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA
**Comhairleoirí**
Gerry McGuire (Méara) - Eanáir 2012 – Meitheamh 2012
Cian O'Callaghan (Méara) - Meitheamh 2012 – Nollaig 2012
Mags Murray
Peggy Hamill
David O'Connor
Eoghan O'Brien
Eithne Loftus
Kieran Dennison
Matthew Waine
Michael O'Donovan
Mary McCamley
Peter Coyle
Anthony Lavin
Eugene Coppinger

## COISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA SPÓIRT FHINE GALL
**Comhairleoirí**
Anne Devitt
Eoghan O'Brien
David O'Connor

## IONAD FIONTAR DHRAIGHNEÁIN
**Comhairleoirí**
Gerry McGuire
Anthony Lavin

## LÍONRA CATHRACHA IMEALLACHA
**Comhairleoir**
Joan Maher

## FÓRAM PÓILÍNEACHTA POBAIL BHAILE BHRIGÍN
**Comhairleoirí**
Ciarán Byrne
May McKeon

## DRAIOCHT
**Comhairleoir**
Peggy Hamill

## TASCFHÓRSA DRUGAÍ BHAILE ÁTHA CLIATH THOIR-THUAIDH
**Comhairleoir**
Cian O'Callaghan

## COMHDHÁIL RÉIGIÚIN NA nAERFORT (ARC)
**Comhairleoirí**
Anne Devitt - Eanáir – Aibreán 2012
Ciaran Byrne - Bealtaine – Nollaig 2012

## NUCLEAR FREE LOCAL AUTHORITY
**Comhairleoir**
Michael O'Donovan

## LES RENCONTRES
**Comhairleoir**
Tom Kelleher

## ÚDARÁS RIALAITHE OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH
**Comhairleoir**
Ciaran Byrne

## Fóram Póilíneachta Pobail Bhaile Bhlainséir
**Comhairleoirí**
Mary McCamley
Mags Murray

## Caisleán & Gairdíní Mhullach Íde Teo
**Comhairleoir**
Peter Coyle

## Bord Monatóireachta le hagaidh Thionscadal INTERREG IV
**Comhairleoir**
Tom Kelleher

## Grúpa Forfheidhmithe Fhearann Poiblí Bhaile Brigín
**Comhairleoir**
Ciaran Byrne

## COMHAIRLE BAILE BHAILE BRIGÍN



Tá stair fhada seirbhíse ag Comhairle Baile Bhaile Bhrigín (Coimisinéirí Baile mar a bhí roimh 2002), a thosaigh sa bhliain 1860.

Tá naoi gcinn de bhaill thofa ar an gComhairle a toghadh ar feadh téarma cúig bliana tar éis na dtoghchán áitiúil a reáchtáladh ar 5 Meitheamh 2009.

Larry Dunne (Cathaoirleach 2012 - 2013), Peadar O'Kelly (Leas-Chathaoirleach 2012 – 2013), Sean Brown, Monica Harford, Dermot Murray, Grainne Kilmurry, Terry Kelleher, Grainne Maguire agus Frank Snowe.

Cuireann an Chomhairle ceannaireacht chathartha ar fáil do mhuintir Bhaile Bhrigín. Déanann an Chomhairle ionadaíocht thar ceann mhuintir an bhaile maidir lena gcúiseanna imní agus a riachtanais le Comhairle Contae Fhine Gall, le Ranna Rialtais agus le Forais Reachtúla eile agus cuireann chun cinn an baile mar áit mhaith le bheith ag cónaí, ag obair agus chun cuairt a thabhairt uirthi.

Síneadh teorainn an bhaile i mí Feabhra 2009 ag teacht le fás an bhaile agus chun deis a thabhairt d'áitritheoirí nua Bhaile Brigín vóta a chaitheamh i dtoghcháin na Comhairle Baile. Is ionann líon dhaonra na limistéar riaracháin nua agus tuairim is 20,000.

Tar éis  sheoladh Phlean an Fhearainn Poiblí "the Heart of Balbriggan" sa bhliain 2011 cuireadh tús le próiseas dearaidh, faoi stiúir an chomhairliúcháin, le haghaidh Shráid an Iarnróid sa bhliain 2012, faoi chomhordú an Ghrúpa Stiúrtha ar a raibh áitritheoirí agus gnóthaí atá lonnaithe ar Shráid an Iarnróid  Aithníodh roinnt beart lárnach agus leanfar leis an obair seo le linn 2013.

Reáchtáiltear Gradaim Bhliantúla na Comhairle Baile i mí Dheireadh Fómhair gach bliain, a thugann an deis don Chomhairle Baile aitheantas a thabhairt don iliomad daoine agus grúpaí, ar léirigh agus ar chothaigh a ngníomhartha bród agus saol an phobail sa bhaile. Roghnaítear na buaiteoirí bunaithe ar a ngnóthachtáil phearsanta nó ar iarracht i ngrúpa i réimsí amhail Spórt, Ealaín, Litríocht, Cultúr nó Seirbhís ar son an Phobail.

Eagraíonn an Chomhairle Baile Paráid Lá Fhéile Pádraig sa bhaile agus bíonn ról gníomhach aici i maisiú an bhaile um Nollaig i gcomhar le Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Brigín. Chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle Baile féilte/imeachtaí sa bhaile i rith na bliana a chur chun cinn agus tacaíonn leo.

Tagann formhór ioncam na Comhairle ó tháillí baile a áirítear sna Rátaí Bliantúla a íocann lucht gnó an bhaile.

Is iad an Bainisteoir Baile agus an Cléireach Baile a dhéileálann le gnóthaí riaracháin Chomhairle Baile Bhaile Brigín in éineacht na mball foirne riaracháin atá ar iasacht ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Is í Ide de Bairtiséil an Bainisteoir Baile. Is é Brian Murray an Cléireach Baile.

## AN RANNÁN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

### Deontais Ardoideachais

| | |
|---|---|
| Líon na nIarratas Athnuachana | 929 |
| Líon na nIarratas Athnuachana Bronnta | 720 |

**Caiteachas Iomlán le haghaidh 2012** **€4,572,125.50**

Tá Iarratais nua do Dheontais Ardoideachais don bhliain Acadúil 2012/2013 á bpróiseáil ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI). Tá gach Iarratas athnuachana don bhliain Acadúil 2012/2013 á bpróiseáil ag Comhairle Contae Fhine Gall.

### Scéim na mBéiltí Scoile

Freastalaítear ar isteach is amach le 2,807 leanbh i 10 mBunscoil i bhFine Gall ar bhonn laethúil faoin scéim seo.

### AN CLÁR TOGHTHÓIRÍ

Foilsíodh an Clár Toghthóirí le haghaidh 2012/2013 ar an 01/02/2012.
B'ionann líon iomlán Toghthóirí ar an gclár deiridh agus 176,333.

Foilsíodh dréacht-chlár toghthóirí le haghaidh 2013/2014 ar an 01/11/2012.
B'ionann líon iomlán Toghthóirí ar an dréacht-chlár agus 177,370.

### CLÁR LEASAITHE TOGHTHÓIRÍ

Foilsíodh an clár leasaithe toghthóirí ar an 1 Feabhra 2012 agus bhí 17,601 ainm ar an gclár sin.

## AN RANNÁN SEIRBHÍSÍ RÉADMHAOINE

Déanann Rannán Seirbhísí Réadmhaoine na Comhairle maoin a éadáil agus a dhiúscairt thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall agus déanann bainistiú ar mhaoin agus ar thalamh a bhaineann leis an gComhairle.

**Éadáil Réadmhaoine**
Déantar tailte, réadmhaoin agus ceadanna slí a éadáil chun críocha éagsúla reachtúla na Comhairle ar na bealaí seo a leanas:

• Comhaontú - Lean an Rannán Éadála Réadmhaoine sa bhliain 2012 ag éadáil agus ag diúscairt suíomhanna scoile de réir Meabhrán Comhaontaithe idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhairle Contae Fhine Gall agus de réir an Mheabhráin Tuisceana ina dhiaidh sin idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhairle Contae Fhine Gall.

• Ordú Ceannaigh Éigeantach - Ullmhaíodh roinnt Orduithe le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

\• Ordú Mótarbhealaigh – Leanadh le héadálacha i ndáil le hUasghrádú an M50 le linn 2012.

• Gníomhas maidir le Tarscaoileadh – Tailte faighte ag an Aire Airgeadais i gcás go ndearnadh cuideachtaí a dhíscaoileadh.

• Gníomhas Tiomnaithe – Spás Oscailte faighte ó fhorbróirí.

**Bainistiú Réadmhaoine**
Sealbhóirí Chlár Réadmhaoine na Comhairle. Leanadh, le linn 2012, ar an obair ar Chéim 1 den Chlár nua Leasa Réadmhaoine.

Slándáil agus cothabháil thalamh/mhaoin na Comhairle.

Tailte na Comhairle a chur ar cíos le haghaidh curaíochta agus inír de réir comhaontuithe conacra – tuairim is 780 acra ar cíos sa bhliain 2012.

Comhaontuithe Airíoch agus Áitribh ar Cíos d'Áis Shealadach le haghaidh réadmhaoine agus tailte nach bhfuil ag teastáil ón gComhairle sa ghearrthéarma.

Cíosanna a bhailiú ó shiopaí cónaitheacha na Comhairle.

Tailte nó réadmhaoin a dhiúscairt/ceadanna slí a fhaomhadh etc.

Tailte a chur ar cíos le hEagraíochtaí Spóirt agus le cuideachtaí fóntais.

## IARRATAIS AR SHAORÁIL FAISNÉISE

| **Iarratais faighte/próiseáilte sa bhliain** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Iarratas faighte le linn 2012 | 68 | 67 | 65 |
| Cinntí déanta le linn 2012 | 66 | 63 | 67 |
| Iarratais ar láimh amhail ag 31/12/2012 | 2 | 4 | 0 |

| **Cineál Eolais a Lorgaíodh** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Pearsanta (ag baint leis an iarratasóir) | 24 | 33 | 9 |
| Neamhphearsanta | 44 | 34 | 56 |
| Measctha | 0 | 0 | 0 |
| Ceadaithe | 35 | 23 | 40 |
| Páirt-cheadaithe | 19 | 11 | 23 |
| Diúltaithe | 13 | 5 | 3 |
| Aistrithe | 0 | 0 | 0 |
| Tarraingthe Siar/Lasmuigh de raon SF | 3 | 24 | 1 |

| **Achomhairc** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 0 | 0 | 2 |

| **Foinse na nIarratas** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Iriseoirí | 3 | 3 | 10 |
| Gnó | 17 | 2 | 11 |
| Oireachtas/Baill an Údaráis Áitiúil | 1 | 0 | 0 |
| Eile/Ginearálta ón bPobal | 46 | 62 | 44 |
| Foireann | 1 | 0 | 0 |

| **Gearáin Ombudsman** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Gearáin faighte le linn 2012 | 10 | 4 | 14 |
| Gearáin a freagraíodh | 10 | 4 | 14 |

| **Ábhar na nGearán** | | | |
|---|---|---|---|
| Pleanáil | 0 | 1 | 2 |
| Oibríochtaí | 1 | 0 | 0 |
| Tithíocht | 3 | 0 | 4 |
| Airgeadas | 0 | 1 | 2 |
| Seirbhísí Uisce | 2 | 1 | 1 |
| Pobal, Áineas & Conláistí | 1 | 0 | 2 |
| Comhshaol, Gnó & Fiontar | 3 | 0 | 3 |
| Seirbhísí Réadmhaoine | 0 | 0 | 0 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 0 | 1 | 0 |

| **Gearáin faoi Chairt na Saoránach** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Gearáin faighte | 9 | 1 | 3 |
| Gearáin a freagraíodh | 9 | 1 | 3 |
| | | | |
| **Ábhar na nGearán** | | | |
| Pleanáil | 0 | 0 | 0 |
| Oibríochtaí | 2 | 0 | 0 |
| Tithíocht | 2 | 1 | 0 |
| Airgeadas | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Uisce | 1 | 0 | 0 |
| Pobal, Áineas & Conláistí | 0 | 0 | 0 |
| Comhshaol, Gnó & Fiontar | 1 | 0 | 3 |
| Seirbhísí Réadmhaoine | 0 | 0 | 0 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 3 | 0 | 0 |

## AN tAONAD UM INIÚCHADH INMHEÁNACH

Le linn 2012, dhearbhaigh an tAonad seo don Bhainisteoir Contae go raibh córas um Rialú Inmheánach ag an gComhairle, go raibh an córas sin leordhóthanach agus go raibh an córas éifeachtach. Chuidigh an tAonad um Iniúchadh Inmheánach freisin le Ranna na Comhairle trí iniúchóireachtaí a dhéanamh agus trí mheastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe de chórais um rialú inmheánach agus trí mholtaí a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar an gcóras i gcás go raibh gá leis sin. I ngach ceann de na Tuarascálacha seo áiríodh 'Measúnú Riosca' i gcás go raibh sin iomchuí.

Mar chuid dá chroíghníomhaíocht rinne an tAonad seo seiceálacha Géilliúlachta i roinnt de na Rannáin. Áiríodh sna seiceálacha seo tuarascálacha maidir le Tíosacht, Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht san eagraíocht.

Anuas air sin-

· Chuir an tAonad i gcrích roinnt Imscrúduithe Speisialta
· Lean an tAonad ag cur chun cinn choincheap an Bhainistithe Riosca
· Lean an tAonad le próiseas na n-imscrúduithe ar na seiceálacha iniúchóireachtaí ar "Chomhpháirtíochtaí Conartha"
· Bhí idirchaidreamh idir an Aonad agus Iniúchóir an Rialtais Áitiúil
· Bhí idirchaidreamh idir an Aonad agus Coiste Iniúchóireachta na Comhairle

## AONAD NA nIMEACHTAÍ

Chuir Aonad na nImeachtaí comhairle agus cúnamh ar fáil do Ranna na Comhairle agus maidir le himeachtaí eile a d'eagraigh dreamanna eile seachas an Chomhairle. Bhí ionchur/ról ag Fine Gall i mbreis is 400 imeacht sa bhliain 2012 agus anseo thíos tá roinnt samplaí de na himeachtaí ba mhó a reáchtáladh.

- Rith leis an Tóirse Oilimpeach
- Paráid Lá Fhéile Pádraig
- JamÓige-Ard Giollán 2012
- Maratón Bhaile Átha Cliath
- Snagcheol an Fhómhair - BÁC15
- Féile Scannán Fhine Gall
- 'Flavours of Fingal'
- 10K Fhine Gall
- Baile Bhlainséir Níos Sábháilte-
  Ócáid ar Oíche Shamhna
- Féile Peile Fhine Gall
- Grianstad an tSamhraidh – An Ail
- Téatar sna Páirceanna
- Imeachtaí Spraíúla don Teaghlach
- Rásaí Gluaisrothar na Sceirí & Loch Sionnaigh
- Imeachtaí Spóirt amhail Trí-atlan,
  Rásaí Bóthair & 'Formula Fun'
- Ócáidí Fáiltithe Cathartha











**An Grúpa Comhairleach Sábháilteachta**
Bunaíodh an grúpa seo ag deireadh na bliana 2011. Déanann Grúpa Comhairleach Sábháilteachta Fhine Gall (GCS) na nithe seo a leanas:

- Cuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le sábháilteacht sluaite ag imeachtaí móra
- Déanann moltaí maidir le sábháilteacht phoiblí.
- Spreagann eagraithe imeachtaí teagmháil a dhéanamh leis an GCS.
- Soláthraíonn acmhainní trí oideachas, treoir agus cleachtas maith d'imeachtaí móra níos taitneamhaí.

Is féidir aonad na n-imeachtaí a leanúint ar twitter @EVENTSinFingal

## CUMARSÁID

Tá an Oifig Chumarsáide freagrach as déileáil le fiosruithe áitiúla agus náisiúnta ó na meáin, as fógraíocht a bhainistiú agus as maoirseacht a dhéanamh ar chumarsáid chorparáideach agus inmheánach thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall. Cuireann an Oifig seo comhairle ar an bhfoireann maidir le freagracht Chomhairle Contae Fhine Gall mar chomhlacht poiblí faoi raon Acht na dTeangacha Oifigiúla. Déanann sí bainistiú freisin ar leathanach baile Chomhairle Contae Fhine Gall www.fingalcoco.ie agus ar chuntais chorparáideacha Twitter agus Facebook na Comhairle.

Sa bhliain 2012 dhéileáil an Fhoireann Chumarsáide le:

60 preaseisiúint
30 foláireamh nuachta, go príomha chuig stáisiúin raidió
500 fiosú ó na meáin ó mheáin áitiúla agus náisiúnta
4 nuachtlitir Foirne (The Raven)
4 heagrán de Fingal News, nuachtlitir chorparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall
Fiosruithe ón gCoimisinéir Teanga.

Forbraíodh úsáid na gcuntas corparáideach leis na meáin shóisialta chun feabhas a chur ar chumarsáid na comhairle go háirithe ag amanna ina bhfuil cur isteach mór ar sheirbhís mar thoradh ar dhálaí dian-aimsire i.e. cur isteach ar sholáthar uisce nó tuilte. Leanfar leis seo sa bhliain 2013 agus cuirfear san áireamh é in athfhorbairt shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall.

Mar chuid de Phlean Mór-éigeandála na Comhairle, cuirtear oiliúint ar an bhfoireann Chumarsáide chun feidhmiú ina nOifigigh Idirchaidrimh leis na Meáin i gcás éigeandáil fhógartha, agus de réir an Chreata Náisiúnta.

### Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Fhine Gall

D'ullmhaigh Comhairle Contae Fhine Gall Scéim Teanga sa bhliain 2006 de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus dhearbhaigh an tAire an scéim ar 1 Deireadh Fómhair 2006.

Sonraithe sa Scéim tá achoimre ar na seirbhísí arna soláthar ag an gComhairle chomh maith le cuspóirí na Comhairle chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge.

Chuir an Chomhairle an 2ra Dréachtscéim Teanga faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta agus táthar ag feitheamh ar fhaomhadh na scéim sin.

## COMHPHÁIRTÍOCHT NA LÁITHREACHTA OIBRE

Seo a leanas na tionscadail agus tionscnaimh a raibh Coiste Comhpháirtíochta Fhine Gall ina mbun le linn 2012:

- Reáchtáil sé an 2ra Ócáid Chuimhneacháin i ndil chuimhne na mball foirne i bhFine Gall a fuair bás agus iad ag obair sa tseirbhís.
- Leasaigh sé an doiciméad "Dignity at Work" atá le seoladh sa bhliain 2013.
- D'eagraigh agus bhainistigh sé imeachtaí ar mhaithe le hardú meanma i measc na foirne. Ar na himeachtaí sin ghlac ionadaithe Chomhairle Contae Fhine Gall páirt i mórshiúl Lá Fhéile Pádraig, dearadh agus cuireadh i gcló féilire foirne ag taispeáint fhoireann na Comhairle agus iad i mbun oibre chun íomhá níos dearfaí de Chomhairle Contae Fhine Gall a spreagadh ach fógraíocht a dhéanamh ar an dea-obair a bhíonn ar bun ag ár bhFoireann.
- Rinne sé ceiliúradh ar chur i gcrích an chéad Chláir Foghlama Leanúnaí FETAC Leibhéal 4 d'Fhoireann Lasmuigh agus Laistigh.
- D'eagraigh sé Seachtain Sláinte & Sábháilteachta agus mar chuid d'imeachtaí na seachtaine eagraíodh 2 Shiúlóid Urraithe chun airgead a thiomsú d'Ospís Bhaile Blainséir, arna eagrú do Sheastáin Chorparáideacha Folláine atá le bunú agus d'eagraigh Seiceálacha Corparáideacha don fhoireann.
- D'eagraigh agus d'fhorbair sé cúrsaí chun oiliúint a chur ar an bhfoireann chun cuidiú leo dul chun cinn ina ngairmeacha agus poist ar phá níos airde a bhaint amach sa chomhairle.
- Reáchtáil sé ócáid chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheirbhís agus Dílseacht na foirne ar éirigh leo 25 bliain seirbhíse ag obair do Chomhairle Contae Fhine Gall a bhaint amach.
- Chuir tacaíocht ar fáil d'fhoilsiú na nuachtlitreach foirne "The Raven" ar bhonn leanúnach.

Chuir an Coiste cúnamh & tacaíocht ar fáil do Ghrúpaí Oibre agus Foghrúpaí Oibre gaolta sna gníomhaíochtaí seo a leanas le linn 2012:

- An Grúpa Oibre Méala
- Sláinte & Sábháilteacht
- Meanma na Foirne
- Comhionannas
- Breisoideachas.

# Roinn na Nailtirí

Chuir Roinn na nAiltirí seirbhísí ar fáil maidir le dearadh ailtireachta, caomhnú, dearadh uirbeach, soláthar foirgneamh agus suirbhéireacht chainníochta do gach roinn sa Chomhairle le linn 2012.

**Tionscadail**

## FOIRGNIMH CHATHARTHA

Suíomhanna Scoile – Tionscadail phíolótacha – Saoráidí feabhsaithe d'úsáid an Phobail. –

Bíonn Roinn na nAiltirí páirteach ar bhonn leanúnach i gcainteanna agus measúnuithe le Roinn Pobail, Cultúir agus Spóirt na Comhairle chun tionscadail forbartha scoile a bhrú chun cinn i limistéar Fhine Gall ar bhealach níos comhleanúnaí.




### Caisleán Mhullach Íde
Ar 15 Deireadh Fómhair cuireadh i gcrích an tionscadal chun an foirgneamh nua clóis (a áiríonn ionad nua do chuairteoirí, saoráid oideachais, bialann agus siopaí), oibreacha ar an gcaisleán féin, uasghrádú seirbhíse, staighre agus ardaitheoir nua, agus oibreacha sábháilteachta dóiteáin a dhéanamh; chomh maith le teach gloine nua agus osclaíodh go foirmiúil an Caisleán athchóirithe ar 30 Samhain 2012.

### Leabharlann Dhomhnach Bat/Phort Reachrann
Cuireadh tús le hobair féidearthachta agus dearadh sceitse do leabharlann nua in Ionad Pobail Dhomhnach Bat/Phort Reachrann.

### Halla Baile Bhaile Brigín
Rinne an Roinn maoirseacht ar na deisiúcháin ar aghaidh Halla an Bhaile.

### Ionad Pobail Choill na Giúise
D'ullmhaigh an Roinn dearadh nua le go mbainfí úsáid as an bhfoirgneamh seo as an nua – foirgneamh a ndearnadh damáiste dóiteáin dó.


### Martins Shop, An Ros
Sa bhliain 2012 cuireadh i gcrích an obair chun athchóiriú a dhéanamh ar an siopa seo le go mbeadh sé ina shaoráid óige ilchuspóra.

**Seirbhísí Comhairleoireachta**
Chuir Roinn na nAiltirí seirbhísí comhairleoireachta ar fáil maidir le hoibreacha rochtana agus deisiúcháin ar Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia ar son Chomhairle Contae Lú; agus d'athnuachan limistéir ar Pháirc Aislinge ar son Chomhairle Baile Dhún Dealgan 2012.

**Iostaí Fancourt agus Lána an Uisce-**
Ghlac an Roinn uirthi féin cúram an bhainistithe tionscadail ar oibreacha a bhí ar bun chun daingniú agus atheagrú a dhéanamh ar sheirbhísí iostaí na Comhairle ag Fancourt, Baile Brigín agus Lána an Uisce, Sord. Ullmhaíodh tairiscint agus fostaíodh conraitheoir le haghaidh scioból salainn ag Lána an Uisce.

**Ionad Spóirt Dhraighneáin**
Leanadh leis an bhforbairt dearaidh don tionscadal seo le linn 2012. Fuarthas toiliú Cuid IX don Phleanáil i mí Feabhra agus cuireadh tús le carrchlós Chéim 1 ar an suíomh i mí na Samhna.

**Reilig Bhaile an Phléimmeanaigh**
Cuireadh i gcrích an tionscadal seo i mí Bealtaine 2012 – cuimsíodh sa tionscadal gairdín cuimhneacháin, foirgneamh beag seirbhísí, carrchlós, nideoga stórais agus oibreacha tírdhreacha le haghaidh reilige le 200 ceap.



## TITHÍOCHT

Roinn na nAiltirí ag soláthar seirbhísí gairmiúla don Roinn Tithíochta sa bhliain 2012.

**Oibreacha Tithíochta i gCrích**
Rinne an Roinn seo maoirseacht ar obair bhreise d'athchóiriú Eastát Radharc Bheanna Boirche sna Sceirí agus ar chur i gcrích dhá theach inlíonta i Mullach Eadrad.
Cuireadh i gcrích an scéim leis an uigeacht mheasctha seo, arna fhorbairt i gcomhar le NABCO ag Avondale i mí Feabhra 2012.

**Iniúchóireachtaí faoi Chuid V -**

Cuireadh comhairle ar fáil, agus cuireadh i gcrích iniúchóireachtaí agus deisiúcháin de réir mar a d'iarr an Roinn Tithíochta.

Athchóirithe, sínte agus oibreacha beaga ar thithe -

Rinneadh 22 athchóiriú agus cuireadh 2 shíneadh le háitribh do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

### Cothabháil Tithíochta

Lean an Roinn ag bainistiú chothabháil stoc na Comhairle – stoc de 4,478; d'fhreastail ar díreach faoi bhun 9,000 iarratas ar dheisiúcháin (a d'áirigh iarratais a tháinig ón Aonad um Chóiríocht don Luch Siúil), chomh maith le cothabháil agus deisiúcháin sceidealaithe sheachtracha ar 585 áitreabh; agus cothabháil ar chórais teasa i mbreis is 3,000 áitreabh.

Deisíodh 168 teach folamh sular cuireadh iad amach ar cíos arís sa bhliain 2010. I gcás roinnt mhaith de na tithe sin rinneadh uasghrádú suntasach orthu chun feabhas a chur ar a n-éifeachtacht fuinnimh.

### Oibreacha Éifeachtachta Fuinnimh

Bhí Roinn na nAiltirí, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, in ann freastal ar ghlao ar thograí a rinne SEAI chun feabhas a chur ar fheidhmíocht teasa áitribh na Comhairle i limistéir Rapid. Fuair an Chomhairle breis is €482,000 chun fuinneoga athsholáthair déghloinithe a sholáthar (72 teach, go príomha i stoc na Comhairle do Dhaoine Scothaosta (SDS) agus d'insliú cuasáin agus dín i 523 teach. Fuarthas gealltanas maoiniúcháin freisin d'oibreacha athsholáthair fuinneog agus d'insliú. Mar thoradh ar an obair a rinne an Chomhairle chun feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh sa bhliain 2012 baineadh amach coigilt mheasta fuinnimh de 3.92 Uair/Gigeavatta don bhliain 2012-2013.

### Seirbhísí Eile

Chomh maith leis sin, thairg an Roinn na seirbhísí seo a leanas: comhairle maidir le tástáil radóin; déileáil le fiosruithe faoi phirít; seirbhísí mapála ceannacháin (51 le RFF); iarratais ar cheadanna slí, rátáil fuinnimh i bhfoirgnimh; agus ceadúnais le go ndéanfadh tionóntaí athruithe, iniúchóireachtaí agus tuarascálacha lasmuigh d'uaireanta oibre ar fhoirgnimh dhainséaracha.

### Suirbhéireacht Chainníochtúil, Pleanáil Costas agus Rialú Costas

Chuir an Roinn seirbhísí suirbhéireachta cainníochtúla, pleanála costas agus rialaithe costas ar fáil a bhí bainteach le tionscadail do raon leathan de Ranna na Comhairle. Bunaíodh creat do chonraitheoirí, agus bainfear amach éifeachtaí sa soláthar dá bharr don iliomad oibreacha beaga agus tionscadal deisiúcháin a mbíonn an Chomhairle ina mbun.

**Caomhnú**
Chuir an tOifigeach Caomhantais comhairle agus tuarascálacha ar fáil maidir leo seo a leanas:

- Mór-athbhreithniú ar an Taifead de Struchtúir atá faoi Chosaint
- Ráitis Saintréithe maidir le Limistéir faoi Chosaint Ailtireachta
- Plean Caomhantais an Droichid Nua
- Forbairt neamhúdaraithe, baol do Struchtúir atá faoi Chosaint nó faillí a dhéanamh orthu
- Comhairle maidir le Caomhantas d'úinéirí a oibríonn ar fhoirgnimh stairiúla
- Scéim Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Bealach Glas an Chanáil Ríoga
- Brandáil & Comharthaíocht Fhine Gall
- Caisleán Bhrí Mhór
- Beartas do Reiligí Stairiúla
- An Tionscadal um Bunachar Sonraí le Taifead na Struchtúr faoi Chosaint
- Bunú Coiste na bhfoirgneamh Stairiúil
- Fearann Poiblí Mhullach Íde
- Maoiniú LEADER do Theach Gloine Ard Giolláin & Pháirc San Caitríona
- An Ciste do Struchtúir i mBaol
- Iniúchadh agus forbairt ar fhoinsí maoiniúcháin do chaomhnú ailtireachta (taighde ar chistí struchtúracha an AE, togra do scéim mhaoiniúcháin CCFG agus tionscadal féideartha LEADER)
- Coiste Turasóireachta Fhine Gall
- Fóram Oidhreachta
- Grúpa Comhairleach Oidhreachta
- Grúpa Bonneagair Ghlais

**Leabharlanna Bhaile Brigín**
Rinne an Roinn maoirseacht ar dheisiúcháin ar dhíon, uchtbhalla agus eite ghaoithe Leabharlann Carnegie Bhaile Brigín.

**Diméin an Droichid Nua**
D'ullmhaigh an Roinn an dearadh do leithris nua, seomraí tae agus fáiltiú nua agus siopa do chuairteoirí i dTeach an Droichid Nua. Chomh maith leis sin, d'fhostaigh an Roinn sainchomhairleoirí chun plean caomhantais a ullmhú don teacht agus don fheirm.

## PLEANÁIL AGUS DEARADH UIRBEACH

**Ospidéal Náisiúnta na Leanaí**
Chuir Roinn na nAiltirí seirbhísí ailtireachta agus suirbhéireachta cainníochtúla ar fáil i gcomhar leis an Roinn Pleanála, le haighneacht Osipdéal Uí Chongaile chuig Sainghrúpa an Ospidéil Náisiúnta Leanaí maidir le suíomh a roghnú.

**PLA Stapolin**
Chuidigh Roinn na nAiltirí leis an Roinn Pleanála agus iad ag ullmhú Phlean Limistéir Áitiúil Steach Póilín/Bhaile Dúill.

**Staidéir Fearainn Phoiblí**
D'imigh an Roinn i mbun comhairliúchán poiblí (leis an Roinn Pleanála (maidir le staidéir Fhearainn Phoiblí i mBaile Brigín agus i Mullach Íde.

# Pobal, Cultuír agus Spoírt

Tá na gníomhaíochtaí agus na cláir oibríochtúla de chuid na nOifigí Pobail, Spóirt agus Ealaíon a bhfuil cur síos orthu thíos, idirnasctha sa mhéid go n-aithnítear go bhfuil gach ceann díobh riachtanach don fhorbairt pobail.

**An Oifig Pobail**
D'oibrigh Oifigigh Forbartha Pobail an Rannáin ar roinnt clár agus tionscnamh éagsúil, agus thacaigh le raon eagraíochtaí pobail le linn 2012.
Cuireadh seirbhís chuimsitheach tacaíochta agus chomhairleach ar fáil do chomhlachtaí deonacha pobal-bhunaithe ar fud an Chontae. Oibríonn foireann ardoilte allamuigh go dlúth le pobail, le grúpaí deonacha agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus iad ag dul i ngleic le saincheisteanna agus le dúshláin a théann i bhfeidhm ar ár bpobail agus ar ár gcomharsanachtaí.

Bhí páirt ag na 5 Aonad san Oifig Pobail le dearadh agus soláthar roinnt clár agus gníomhaíochtaí le linn 2012.

**An tAonad um Thionscadail Chaipitil (ATC)**
Bíonn ról lárnach ag an Aonad um Thionscadail Chaipitil i dtacú agus i bhforbairt an bhainistithe áitiúil agus na struchtúr oibríochtúil a dhéanann maoirseacht ar bhainistiú laethúil na Saoráidí Comhroinnte Pobail arna dtógáil faoi Shamhail Scoileanna Fhine Gall. San iomlán tá sé cinn de shaoráidí comhroinnte ag feidhmiú i bhFine Gall sna háiteanna seo a leanas:

Ongar, Baile Fiobail, Teach Chainnigh,  Baile an Diosualaigh, Baile an Tirialaigh agus Coill an Úill.

D'oscail Ionaid Pobail Bhaile an Tirialaigh agus Choill an Úill a ndoirse don phobal áitiúil le linn 2012 faoi bhainistíocht boird áitiúil de stiúrthóirí atá i bhfeighil na saoráide pobail thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá rath ar na saoráidí roinnte agus tá sí faoi bhláth ina bpobail nua agus cuireann siad saoráidí úrscothacha ar fáil a chuireann chun cinn rannpháirtíocht an phobail trí raon leathan gníomhaíochtaí sóisialta agus áineasa a sholáthar.



**An tAonad Forbartha Pobail (AFP)**
Is é príomhfhócas an Aonaid Forbartha Pobail (AFP) ná tacú agus cuidiú le pobail agus grúpaí deonacha i bhFine Gall athruithe a chur i bhfeidhm agus comhrac i gcoinne an eisiaimh shóisialta ina bpobail féin. Sa bhliain 2012, thacaigh an AFP le 40 Cumann Áitritheoirí agus le 60 Grúpa Breise Áitiúil Pobail. I measc na dtacaí a chuir siad ar fáil bhí oiliúint, eolas, maoiniú, forbairt beartais, forbairt plean oibre agus athbhreithnithe, forbairt tionscadail, soláthar acmhainní d'oibrithe deonacha agus meantóireacht maidir le saincheisteanna áitiúla. Chuir an AFP i gcrích 6 cinn de chláir Oideachais Pobail do 40 rannphháirtí i réimse na scileanna coiste.

**An tAonad Tacaíochta Saoráidí Pobail (ATSP)**
Bunaíodh an tAonad seo chun tacú agus cuidiú le coistí bainistithe na nIonad Pobail a róil a chur i gcrích go héifeachtach. Cuireann an ATSP eolas tacaíochta agus meantóireacht ar fáil i réimsí an Bhainistithe Saoráide, an Airgeadais, na nAcmhainní Daonna agus an Rialachais Chorparáidigh.

**An tAonad um Fhorbairt Líonraí (AFL)**
Sa bhliain 2012, lean na ceithre líonra, eadhon, Eitneach, Oidhreacht, Seanóirí agus Míchumas, chomh maith le Fóram Pobail agus Deonach Fhine Gall, orthu ag cur lena bhforbairt agus ag cur i bhfeidhm pleananna gnímh i rith na bliana. A bhuíochas leis na Líonraí seo bhíothas in ann guth a thabhairt dá mbaill maidir le saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu trí ionadaíocht a thabhairt dóibh ar raon leathan de thionscnaimh, fóraim, coistí agus grúpaí ar fud na tíre, amhail Coistí um Beartas Straitéiseach, Bord Forbartha Fhine Gall, Coistí Póilíneachta, etc. Chuir an Líonra i bhfeidhm sraith gníomhaíochtaí amhail taispeántais, ceardlanna oiliúna agus seimineáir agus bhí ról lárnach acu i soláthar eolais spriocdhírithe trí úsáid a bhaint as meáin shóisialta agus ar bhealaí níos traidisiúnta.

**An tAonad um Maoiniú agus Faisnéis (AMF)**
Tuairiscíonn an AMF ar gach iarratas ar mhaoiniú a fhaightear faoin gClár um Gníomhaíochtaí agus Tionscadail Samhraidh, faoi Scéim Mhaoiniúcháin Imeasctha agus bíonn an tAonad i gcónaí ag lorg deiseanna maoiniúcháin agus cuireann eolas agus tacaí iarratais ar fáil do ghrúpaí pobail.

**Clár Fhine Gall chun Tacú le Daoine Breacaosta**
Faoin gclár seo tugtar eolas agus cuirtear oideachas ar fáil sa phobal agus do ghrúpaí de dhaoine breacaosta. I measc na dtionscnamh seo tá oiliúint ar ríomhairí trí "Digitize the Nation", trí chláir Sláinte, Aclaíochta & Folláine i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus chur i bhfeidhm an Tionscadail Phíolótach Iompair 'Health Route'.

Maoiniú arna sholáthar d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha sa bhliain 2012

| Limistéar | Tionscadail Samhraidh | Maoiniú Ealaíon | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Baile Brigín/Sord | €24,093.86 | €22,150.00 | €46,243.86 |
| Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad | €26,000.16 | €8,750.00 | €34,750.16 |
| Binn Éadair/Mullach Íde | €3,874.50 | €12,150.00 | €16,024.50 |
| Contae (comhiomlán) | €53,968.52 | €43,050.00 | €97,018.52 |

Sa bhliain 2012, meastar gur ghlac breis is 4,200 duine óg páirt i dTionscadail Samhraidh ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh. Le linn na bliana, d'éirigh leis an iarratas an ASF ar Oifig an Aire Lánpháirtíochta le haghaidh maoinithe de €75,000 chun tacú le tionscnaimh lánpháirtíochta trí Scéim Mhaoiniúcháin Lánpháirtíochta na Comhairle, agus bhain 5 ghrúpa leas as an maoiniú seo.

## AN OIFIG SPÓIRT



Bhí an Oifig Spóirt páirteach i roinnt clár spóirt agus corpoideachais le linn na bliana agus d'oibrigh go dlúth, agus i gcomhar, leis an Oifig Pobail.

Chuir an Oifig Spóirt, atá ina cuid de líonra Chomhairle Spóirt na hÉireann de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, i gcrích 690 clár do bhreis is 80,800 rannpháirtí. Seo a leanas roinnt de bhuaicphointí na bliana:

**An Clár Cleachtaidh Spóirt (Sportscon)**
Lean an Oifig lena chlár Sportscon i mBunscoileanna. Is é atá i Sportscon ná modúl speisialaithe oiliúna chun cuidiú le leanaí de gach aois agus cumas, agus chun feabhas a chur ar ghluaiseachtaí bunúsacha na leanaí trí ghleacaíocht a dhéanamh agus trí chluichí a imirt.  Cothaíonn seo muinín agus féinmheas na leanaí.

Le linn 2012, cuireadh an clár ar fáil do 30 scoil, oileadh 87 múinteoir agus bhain 2,175 dalta leas as an gclár. Chomh maith le ceardlann speisialaithe oiliúna do mhúinteoirí a cuireadh ar fáil do 8 scoil d'fhreastail 160 múinteoir breise ar cheardlanna dhá lá. Cuireadh oiliúint ar fáil do 30 cúramóir agus oibrí deonach riachtanas speisialta maidir le conas Sports Con a chur i bhfeidhm.

**Fíricí faoin Spórt**
Is é atá sa chlár Fíricí faoin Spórt ná clár spóirt agus oideachais ag úsáid Sports Con mar bhonn do gach seisiún gníomhaíochta agus modúil don seomra ranga ina bhfuil quizeanna agus comórtais spraíúla atá dírithe ar leanaí sa bhunscoil chun iad a chur ar an eolas faoi na sochair iomadúla a bhaineann le spórt, le corpoideachas agus le stíl fholláin mhaireachtála. Cuireadh an clár ar fáil i 18 scoil, do 72 rang le 2,260 leanbh ag glacadh páirte sa chlár.

**Spórt Scoile & Óige**
Le linn 2012, d'eagraigh agus reáchtáil an Oifig gníomhaíochtaí éagsúla. Sa mhéid gur bhliain Oilimpeach a bhí ann, d'eagraigh an Oifig an chéad chomórtas "Ábhar Lúthchleasaithe Oilimpeacha Fhine Gall", mar ar ghlac 1,952 dalta páirt i gcomórtais scoile agus ag a dheireadh reáchtáladh lá de chraobhchomórtais ar fhreastail 300 dalta air.

**Tionscnaimh eile;**

- Blitzchomórtais sacair agus Rugbaí Leaiste, sraithchomórtas laistigh cruicéid, imeachtaí Lúthchleasaíochta do Bhunscoileanna agus blitzchomórtais badmantain scoile. Reáchtáladh tionscadal "kidgloves", dírithe ar bhuachaillí agus cailíní 9 – 13 bliana d'aois, chun taithí a thabhairt dóibh ar dhornálaíocht.

- Reáchtáladh Sacar Istoíche, i gcomhar leis an FAI agus le Gardaí an Phobail Áitiúil, a d'fhreastail ar 485 duine óg ina aghaidh na seachtaine, i gcúig ionad. Reáchtáiltear an clár idir 9 – 11 pm ar oíche Aoine agus tugann sé an deis do dhaoine óga (buachaillí & cailíní) páirt a ghlacadh i gcaithimh aimsire atá dearfach.

- Sa chlár 'Exercise Energise' spreagtar cailíní sa chéad bhliain ar an iar-bhunscoil páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiceach a roghnaíonn siad. Ghlac 240 cailín in ocht scoil páirt sa chlár agus ag a dheireadh bhain na cailíní triail as roinnt spórt nua - Friosbaí, Crosógaíocht agus damhsa Zumba ina measc.

Reáchtáladh clár in dhá scoil ag baint úsáide as an spórt chun cuidiú le leanaí an t-aistriú a dhéanamh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil inar ghlac 90 dalta bunscoile agus 20 dalta iar-bhunscoile páirt – bhí na daltaí iar-bhunscoile ina meantóirí do na leanaí níos óige.




**Clár Oideachais Cóitseálaithe**
Reáchtáil an Oifig roinnt cúrsaí lena n-áirítear Cód Eitice (cosaint leanaí), Oifigeach Leanaí, Scileanna Éigeandála (garchabhair) agus thacaigh le raon cúrsaí agus seisiún oiliúna a chuir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Cóitseálaithe/Réiteoirí ar fáil chun scileanna nua a mhúineadh dá n-oibrithe deonacha.

**Cláir Gníomhaíochta**
I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáil an Oifig le linn 2012 bhí roinnt clár snámha do dhaoine fásta, siúlóid Nordik, cláir Taidhtí, agus Clár Rannpháirtíochta don Lucht Siúil.

**Forbairt Spórt-Shainiúil Cómhaoinithe**
Chuir an Oifig maoiniú ar fáil chun go bhfostófaí 5 Oifigeach Forbartha Peile leis an FAI, Oifigeach amháin Forbartha le Club Rugaí Laighean, Oifigeach Forbartha Amháin Leadóige i gcomhar le Leadóg Éireann, agus Oifigeach Forbartha Cruicéid le Cruicéad Laighean.

**Mná sa Spórt**
Chuir Comhairle Spóirt na hÉireann cómhaoiniú ar fáil sa bhliain 2012 do Bhlitzchomórtas Camógaíochta, Peil Ghaelach do Chailíní, 'Exercise Energise', Féile pheile agus blitzchomórtais do chailíní amháin.

**Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas**
Reáchtáil an Oifig Galf Dall, clár oiliúna "Be Active Be Inclusive", mar ar cuireadh oiliúint spóirt agus corpoideachais ar fáil do chúramóirí agus d'oibrithe deonacha a bhíonn ag obair le daoine óga atá faoi mhíchumas agus a thacaíonn leo ina spóirt i gcathaoireacha rothaí.

**Comhpháirtíochtaí**
Bíonn an Oifig ag brath ar chomhpháirtíochtaí leis an iliomad gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí chun cláir a sholáthar don raon is leithne pobal agus ab fhéidir.

## AN OIFIG EALAÍON

Is é ról Oifig Ealaíon na Comhairle ná gníomhaíocht chultúrtha a spreagadh, a chothú agus tacú léi i bhFine Gall trí chur chuige atá bunaithe ar bheartas agus tá sé ina ghné lárnach de ról forbartha pobail an Rannáin.

**Deontais Ealaíon arna mbronnadh faoi alt 6 den Acht Ealaíon 2003**
Sa bhliain 2012, bronnadh €18,000 ar Fhéilte Ealaíon Pobail agus ar Fhéilte Ceoil Thraidisiúnta, agus bronnadh €45,000 ar scéim ghinearálta deontais ealaíon. Bronnadh €578,700 eile go díreach ar dhá Ionad Ealaíon na Comhairle, Draíocht agus Ionad cultúrtha Séamus Ennis.

**Ionaid Chultúrtha**
Lean Comhairle Contae Fhine Gall ag cur feabhais ar shaol cultúrtha Fhine Gall agus ag cur rochtain phoiblí ar fáil ar na hEalaíona trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar a dhá Ionad Ealaíon: Draíocht agus Ionad Cultúrtha Séamus Ennis.

Draíocht – óstáladh 97 seó le ticéid anseo ar fhreastail 29,125 duine orthu.

Ionad Cultúrtha Séamus Ennis – reáchtáladh 35 imeacht le ticéid le linn 2012 agus d'fhreastail 3825 duine ar an Ionad.

## AN tAOS ÓG AGUS OIDEACHAS

**Tionscnamh Luathbhlianta Fhine Gall**
Reáchtáladh an tionscnamh nua seo in Eastát Farmleigh, dar teideal, Now We Are Ready to Start! i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2012 agus d'fhreastail 240 rannpháirtí air seo. Tá sé ina thoradh ar an gcomhoibriú idir Oifig Ealaíon Fhine Gall agus triúr ealaíontóirí, Orla Kelly, Laura de Burca agus Helen Barry, atá oilte ag obair go cruthaitheach le leanaí óga. Ceapadh na ceardlanna seo go speisialta dóibhsean sna luathbhlianta (0-5 bliana) agus lena gcaomhnóirí.

**'Place Shapers' – Tionscnamh Ailtireachta agus Dearaidh Uirbigh**
D'oibrigh Oifig Ealaíon Fhine Gall, Cumann Ailtireachta na hÉireann, ceithre ailtire ghairmiúla, scannánóir amháin agus dhá scoil i gcomhar lena chéile le linn 2012, chun tionscadal a fhorbairt a spreagfadh leanaí óga i leith na hailtireachta. Bhí 150 dalta páirteach sa tionscadal, agus áireoidh an rannpháirtíocht sin dhá imeacht phoiblí a reáchtálfar le linn 2013 agus cuirfidh na daltaí i gcrích próiseas doiciméadaithe scannán in 2013 ar chuir siad tús leis roimhe seo. www.placeshapers.wordpress.com

**An Clár um Ealaíontóir Cónaithe (CEC) 2012**
Ghlac 250 dalta agus 10 múinteoir páirt sa chlár CEC i mbliana.

D'oibrigh an t-amharcealaíontóir Alan Mongey i Scoil Phobail Dhomhnach Bat ar chlár CEC na bliana seo. Chas daltaí an dara bliain le Alan uair sa tseachtain don bhliain acadúil chun scileanna cruthaitheacha a ghnóthú a chuideoidh leo ina n-iarrachtaí an tsraith shóisearach a chur i gcrích, agus ag an am céanna foghlaimeoidh siad faoi shaol agus faoi shaothar an ealaíontóra.

D'oibrigh an t-amharcealaíontóir Joe Coveney le Scoil Náisiúnta na Coirre Duibhe i Lusca ar chlár CEC na bunscoile. Sa mhéid go raibh an líon daltaí sa scoil seo íseal mar gur scoil tuaithe í, bhí an deis ag Joe Coveney obair le gach dalta agus múinteoir le linn na bliana acadúla.

**Ealaín Phoiblí**

- **Christine Mackey – A Year in the Field** Staidéar bliana agus cónaitheachta le 30 leanbh ó Scoile Náisiúnta Pádraig, Domhnach Bat mar a ndearnadh iniúchadh ar éiceolaíocht agus luibheolaíocht páirceanna áitiúla agus baineadh seo amach trí cheardlanna a reáchtáil agus trí chuairteanna a thabhairt ar shuíomhanna. Ina dhiaidh sin dhear dalta leabhar saothair ar féidir le gach leanbh úsáid a bhaint as ina dtimpeallacht nádúrtha. I láthair na huaire tá an leabhar saothair seo á dháileadh ar gach bunscoil i bhFine Gall www.ayearinthefield.com

- **Dennis McNulty – Interzone** Scannán gan reacaireacht a rianaíonn ceithre cinn de thírdhreacha ar leithligh i bhFine Gall. Rinneadh an scannánú in Ionad Seamus Ennis i mí na Samhna le lucht féachana de 90 duine agus is é atá ann ná an t-ealaíontóir ag caint leis an gcoimeádaí Daniel Jewesbury

**Travelogue:** Saothar comhoibritheach le ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair a rinne coimisiúnú ar an ealaíontóir Theresa Naningan lena tionscadal Travelogue a chuir i láthair scéalta thiománaithe agus úsáideoirí chóras iompair Bhaile Átha Cliath. Fuair an suíomh gréasáin breis is 15,000 amas agus cuireadh an tionscadal ar taispeáint ar chláir fógraí, ar bhusanna, ar thraenacha, ar an luas agus ag gach mórstáisiún agus bhí sé sa Metro Herald gach lá, a dháiltear i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Chonaic breis is 20,000 duine an tionscadal. Bronnadh an gradam cleachtais 'Business to Arts' don Choimisiún is Fearr ar an tionscadal. http://www.travelogue.ie

**Commissions +** Siompóisiam dhá lá le healaíontóirí agus coimeádaithe as Éirinn, an Eoraip agus an Astráil agus ar fhreastail 160 duine air. An aidhm leis an siompóisiam ná aird a tharraingt ar shaothair arna gcoimisiúnú agus arna dtaispeáint i bhFine Gall agus d'áirigh seo clár de chuairteanna ar shuíomhanna mar shampla ar Thúr Martello Dhomhnach Bat, ar Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh agus ar An Pháirc i nDomhnach Bat.

**I measc na dtionscnamh eile Ealaíon sa bhliain 2012 bhí siad seo a leanas:**

- Lá Líníochta – sraith d'imeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar an tionscnamh Lá Náisiúnta na Líníochta, i bhFine Gall.
- Scríbhneoireacht 3.0 – ár bhféilte náisiúnta ar fud na tíre ina reáchtáiltear ceardlanna saor in aisce agus ina dtugann príomhscríbhneoirí Éireannacha cainteanna.
- Gradam don Chónaitheacht Phriontála do Céimí Graphic Studio – Dianchlár de mháistir-ranganna leis an máistir clódóireachta Robert Russell ag Graphic Studio Dublin. Bronnadh an gradam scannánóra agus grianghrafadóra ar an ealaíontóir áitiúil Sally Ann Kelly.
- Amharc Fhine Gall VIII – seo ardán chun tacú le daoine a fuair a gcáilíocht le déanaí ó choláiste ealaíne ar as Fine Gall dóibh agus osclaíodh é ar 17 Samhain 2011 agus leanfaidh sé go dtí deireadh mhí Feabhra 2012 in Draíocht.
- What Next? – Seo deis léargas a fháil ar na dúshláin agus na deiseanna atá ar fáil d'ealaíontóir atá ag saothrú sa timpeallacht eacnamaíochta reatha agus chun comhairle phraiticiúil a sholáthar maidir le bheith ag obair mar ealaíontóir sa lá atá inniu ann. Reáchtáladh What Next? in Draíocht.
- Thosaigh an Comhairliúchán poiblí maidir le Plean Ealaíon 2013-2017 Chomhairle Contae Fhine Gall le suirbhéanna a reáchtáladh ag ionaid ealaíon agus leabharlainne ar fud an chontae.

Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le gach imeacht ealaíon téigh chuig: www.fingalarts.ie

.



# Comhshaol, Gnó & Fiontar

## AN RANNÁN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

Tá an Chomhairle freagrach as rialú a dhéanamh ar bhailiú dramhaíola trí cheadanna bailithe dramhaíola agus trí na fodhlíthe maidir le dramhaíl a bheith ar taispeáint.

### Ionaid Athchúrsála agus Bainc Bhuidéal

- Tá dhá ionad athchúrsála i bhfeidhm ag an gComhairle (Inbhear & An Chúil Mhín) chomh maith le líonra de 73 banc buidéal ar fud an chontae. Sa tábla seo tá sonraí faoi thonnáiste na meáchan a bailíodh.

| Tonnáiste na Míreanna In-athchúrsáilte a Bailíodh | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Ionad Athchúrsála an Inbhir | 4308 | 3884 | 3969 |
| Ionad Athchúrsála Chúil Mhín | 3297 | 3781 | 3676 |
| Iomlán | 7605 | 7665 | 7645 |

### Dramhtrealamh Leictreonaice agus Leictreach

- Chun na Rialacháin maidir le Dramhtrealamh Leictreonaice agus Leictreach (DTLL), 2005 a chur i bhfeidhm is gá cigireacht a dhéanamh ar áitribh chun a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí ag cloí leis na rialacháin gus go bhfuiltear ag glacadh le DTLL saor in aisce ag ionaid Athchúrsála (DTLL ó theaghlaigh agus DTLL ó mhiondíoltóirí cláraithe).

| | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| DTLL a nglactar leo ag Ionaid Athchúrsála | Meastachán 1256 tonna** | 1244 tonna | 1303 tonna |
| Os cionn an bhoinn Per Capita * | 4.60kg/duine | 4.56kg/ duine | 4.77kg/duine |
| DTLL bailithe ag AAE ó mhiondíoltóirí** | Meastachán 1050 tonna** | 933 tonna | 687 tonna |

*AAE - seo an tArdán Athchúrsála Eorpach, an scéim um fhaomhadh géilliúlachta atá ag Fine Gall
**Níl figiúirí do mhí na Nollag 2012 ar fáil fós.

- Bhí 436 áitreabh miondíola cláraithe le AAE (Ardán Athchúrsála Eorpach) agus DTLL Éireann le haghaidh 2010.
- Chomh maith leis sin tá 27 áitreabh miondíola cláraithe le Comhairle Contae Fhine Gall.

### Plean Bainistithe Dramhaíola

Rinneadh meastóireacht ar an bplean bainistíochta dramhaíola de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus na Creat-treorach Nua Dramhaíola. Tar éis na meastóireachta rinneadh cinneadh Plean nua a cheapadh in ionad Phlean Bainistithe Dramhaíola 2005. Cuirfear tús le dréachtú an phlean nua sa bhliain 2013 tar éis réigiúin nua pleanála dramhaíola a bhunú.

## BONNEAGAR DRAMHAÍOLA



**Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh**
Dúnadh Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh i mí Bealtaine 2012 tar éis dó bheith i bhfeidhm ar feadh 40 bliain. Táthar ag glacadh le hithir, ámh, ag an líonadh talún le haghaidh feabhsúcháin agus caidhpeála. Tá tuairim is 30,000 m2 den líonadh talún fós le caidhpeáil le caidhpeáil mhonaraithe a chuimsíonn ithir, sraitheanna draenála, sraith shaorga beintiníte agus sraith bailithe gáis.

**Líonadh Talún Dhún Sinche**
Tá Líonadh Talún Dhún Sinche ag a chéim iarchúrarim i.e. monatóireacht comhshaoil, bainistiú láisteáite agus gáis sa líonadh talún. Cé go bhfuil an méid gáis a ghintear sa líonadh talún ag titim ar bhonn leanúnach tá a dhóthain ann chun leictreachas a ghiniúint ar bhonn eacnamaíoch. Tá seans go dtiocfaidh athrú ar an scéal seo thar an gcéad chúpla bliain eile.

**Feasacht Comhshaoil**
- Chuir breis is 100 iontrálaí, ar fud na gcatagóirí go léir, isteach ar na Gradaim Pobail. I measc na gcatagóirí bhí Gairdín Tosaigh is Fearr agus Gradam do Ghnó Glas. San iomlán bronnadh 35 duais, agus tá sin ina mhéadú de 6 dhuais ar an líon a bhí ann sa bhliain 2011. Tharla seo toisc go raibh caighdeán na n-iontrálacha chomh hard sin.
- I gClár Scoileanna Glasa An Taisce – bronnadh 86 Gradam Scoileanna Glasa i bhFine Gall sa bhliain 2012, agus as an méid sin bhí 12 ar an gcéad bhrat a bronnadh orthu. San iomlán tá 224 brat anois bronnta ar scoileanna Fhine Gall.
- Glantachán Earraigh An Taisce.
- An Tionscnamh 'Adopt a Patch'.
- Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil COA (Cuid de Chlár Oibre Áitiúil 21) – bronnadh €27,500 sa iomlán le linn 2012 ar 10 gcinn de thionscadail chomhshaoil.
- Leanadh leis an gClár Oideachais in Ionad Athchúrsála an Inbhir agus Chúil Mhín agus thug 9 scoil cuairt air sa bhliain 2012.
- Fógraíocht sa phictiúrlann agus ar an raidió chun feasacht a spreagadh faoi shalú ag madraí agus faoi bhailitheoirí mídhleathacha dramhaíola.
- Comórtas póstaeir frithbhruscair agus fríth-ghraifítí do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile Fhine Gall.
- Cuireadh 12 cheardlann de chuid Fhuinneamh Inmharthana Éireann ar fáil do scoileanna áitiúla.
- D'eagraigh AAE i gcomhar leis an bhfoireann Feasachta Comhshaoil fochla Dhaidí na Nollag i mBaile Bhlainséir chun cur chun cinn a dhéanamh ar athchúrsáil cadhnraí.

| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Acmhainní Bainistithe Dramhaíola (LA) | | | |
| Líon na gconláistí cathartha | 2 | 2 | 2 |
| Líon na mbanc buidéal | 73 | 71 | 73 |
| Scoileanna ag glacadh páirte i dtionscnaimh chomhshaoil | | | |
| % de Bhunscoileanna | 90 | 86 | 85 |
| % d'iar-bhunscoileanna | 92 | 92 | 92 |

**AN RANNÁN CIGIREACHTA**

Tugann an Rannán Cigireachta le cheile a lán feidhmeanna forfheidhmiúcháin de chuid na Comhairle chun an leas is fearr agus ab fhéidir a bhaint as an deis saineolas agus acmhainní a roinnt chun ár bhfeidhmeanna reachtúla forfheidhmiúcháin a chur i gcrích.

Déanann an rannán cigireachtaí comhtháite chun a chinntiú go mbítear géilliúil, ó thús deireadh agus nó/ sa chéim tógála i gcúram, de réir an chleachtais is fearr agus de réir na reachtaíochta a bhaineann leis an timpeallacht thógtha. Faoin reachtaíocht féadfaidh an rannóg beart forfheidhmiúcháin a chur i gcrích agus iallach a chur ar dhaoine leigheas a chur ar an scéal i gcás go bhfuiltear tar éis an reachtaíocht a shárú ó thaobh na timpeallachta tógtha de.

Bunfheidhm de chuid an Rannáin Cigireachta ná bainistiú a dhéanamh ar fhorbairtí neamhchríochnaithe tithíochta agus réiteach a fháil orthu i.e. eastáit a bhfuil gá breis oibre a dhéanamh orthu chun iad a chríochnú agus ionas go mbeidh siad ag an gcaighdeán a atá éilithe sa reachtaíocht..

**An tAcht agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola**

- Rinneadh 6 ionchúiseamh mar gur sáraíodh an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 sa bhliain 2012.
- Rinneadh cigireacht ar 47 gnó chun a chinntiú go raibh siad ag cloí leis an Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú), 2007.
- Chláraigh 18 gcuideachta sa bhliain 2012 ag maíomh go raibh siad siúd géilliúil.
- Bronnadh 6 Chead dramhaíola sa bhliain 2012 do shaoráidí aisghabhála dramhaíola faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007-2008.
- Rialacháin maidir le Dramh-bhia – 104 cigireacht.
- Rialacháin maidir le Dramhbhoinn rotha – 28 cigireacht.

**Dramhtrealamh Leictreonaice agus Leictreach (DTLL)**
Éilíonn na Rialacháin maidir le Dramhtrealamh Leictreonaice agus Leictreach (DTLL), 2005 go ndéanfaí cigireacht ar áitribh chun a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí ag cloí leis na rialacháin gus go bhfuiltear ag glacadh le DTLL saor in aisce ag ionaid Athchúrsála.

AAE - seo an tArdán Athchúrsála Eorpach, an scéim um fhaomhadh géilliúlachta atá ag Fine Gall

- Chláraigh 544 áitreabh miondíola le AAE agus DTLL Éireann le haghaidh 2012.
- Chomh maith leis sin, tá 114 áitreabh miondíola cláraithe le Comhairle Contae Fhine Gall
- Rinneadh 59 cigireacht ar áitribh mhiondíola i bhFine Gall le linn 2012.

**Rialú Bruscair**

- Eisíodh 1158 fíneáil sa bhliain 2012
- Ullmhaíodh 202 comhad d'ionchúisimh.

**Rialú ar Cháilíocht an Aeir**
Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) seo ar fáil ar bhonn gníomhaireachta.

- Tá 1 stáisiún príomha monatóireachta aeir i bhFine Gall. Tugann an stáisiún seo sonraí fíorama ar PM10 agus NOx agus tá sé ina chuid den Líonra Réigiúnach um Monatóireacht ar Cháilíocht an Aeir.
- Glacadh leis an bPlean um Bainistiú Cháilíocht an Aeir i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.
- Rinneadh iniúchadh ar 83 gearán maidir le Truailliú Aeir sa bhliain 2012
- Tá na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir (Breoslaí Sonraithe a Mhargú, a Dhíol, a Dháileadh agus a Dhó) 2012 anois i bhfeidhm agus tá limistéar riaracháin iomlán Fhine Gall anois ainmnithe ina limistéar gan toit. Déanfar cigireachtaí rialta ar dhíoltóirí agus ar dháileoirí guail sa bhliain 2013 chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh na rialachán seo.

**Rialú Torainn**
Rinneadh iniúchadh ar ghearáin a rinne Oifigigh Sláinte Chomhshaoil.

- Sa bhliain 2012 rinneadh iniúchadh ar 128 gearán maidir le torann.
- Cuireadh i gcrích Mapáil Torainn do Chontae Fhine Gall go léir sa bhliain 2012. Ceapadh Plean Gnímh Torainn bunaithe ar na sonraí a d'eascair as Cleachtadh Mapála Torainn agus cuirfear sin ar fáil i mí an Mheithimh 2013.
- Is gá do shealbhóirí tí gearáin chónaitheacha a chur go díreach faoi bhráid na Cúirte Dúiche faoi Alt 108 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992.

**Rialú Madraí & Capall**

- Gabhadh 481 madra agus tugadh 51 don Phóna Madraí sa bhliain 2012.
- Cuireadh ceadúnais ar fáil do 5945 madra i bhFine Gall sa bhliain 2012 agus as an líon sin eisíodh 2021 ar líne.
- Gaibhríodh 145 capall ag póna na Comhairle sa bhliain 2012.

**Rialú ar Thruailliú Uisce**
Bíonn caidreamh leanúnach ag Comhairle Contae Fhine Gall le hOifig Tionscadail Cheantar na hAbhantraí Thoir (CAT) agus leis an GCC i ndáil le dualgais reachtúla a chomhlíonadh a bhaineann le huisce dromchla, mar atá leagtha amach sa Phlean um Bainistiú na hAbhantraí faoin gCreat-treoir Uisce.

- Cuireadh i bhfeidhm an Treoir maidir le hUiscí Iasc Sliogáin trí chur i bhfeidhm na gClár um Laghdú Truaillithe (CLT) do Mhullach Íde agus do Bhaile Brigín-na Sceirí
- Leanadh leis an monatóireacht ar cháilíocht an uisce Snámha ag tránna ainmnithe faoin Treoir maidir le hUisce Snámha
- Eisíodh 73 cinn de Cheadúnais eisiltigh tráchtála (ET) saille, ola agus gréisce
- Tógadh 17 sampla gach ráithe chun Monatóireacht Oibríochtúil a dhéanamh ar Aibhneacha (68 san iomlán).





**Critéir Íosta Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (CIMCC)**
- Cuireadh i bhfeidhm plean bliantúil na gCriteár Íosta Molta do Chigireachtaí Comhshaoil (CIMCC) trí úsáid a bhaint as acmhainní go léir an Rannáin Cigireachta chun a chinntiú go ndéanfaí monatóireacht agus cur i bhfeidhm ar an reachtaíocht maidir leis an gComhshaol.

**Forfheidhmiú Pleanála**

Is é atá i gceist le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ná go mbeadh gá go bhfuair gach forbairt cead pleanála nó go raibh an fhorbairt sin díolmhaithe ó chead pleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2010. Déanann an Chigireacht monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí chun a chinntiú go bhfuil siad ag cloí leis an gcead pleanála. Déantar iniúchadh freisin ar uiríll a chuirtear faoi bhráid an rannáin maidir le forbairtí neamhúdaraithe agus cuirtear i bhfeidhm bearta forfheidhmiúcháin más gá.

## Rialú Foirgníochta

Is é príomhchsupóir na Rialachán Foirgníochta ná sláinte, sábháilteacht agus leas an duine a chosaint agus iad i bhfoirgnimh nó cóngarach d'fhoirgnimh. Anuas air sin, forálann na rialacháin foirgníochta do riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas i ndáil le foirgnimh agus do chaomhnú breosla agus fuinnimh.

Tá an phríomhfhreagracht as cloí leis na ceanglais atá sna hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990-2007 ar an té a dhear agus a thóg na foirgnimh agus ar úinéirí na bhfoirgneamh, a chuireann tús leis an bpróiseas seo de ghnáth.
Faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall cigireachtaí randamacha a dhéanamh ar fhoirgnimh, agus ar dhoiciméid nó ar phleananna ar mhaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na Rialacháin Foirgníochta.

## Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna

Tá de chumhacht ag an gCigireacht faoi fhorálacha Acht na Láithreán Tréigthe, 1990 iallach a chur ar úinéir nó áitritheoir talún tréigthe nó a d'fhéadfadh éirí tréigthe, trí fhógra a thabhairt dóibh, na bearta riachtanacha a chur i gcrích chun a chinntiú nach mbeidh sé ina láithreán tréigthe. Féadtar feidhm a úsáid as an Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláinteachais), 1964 chun dul i ngleic le haon chúiseanna imní a d'fhéadfadh bheith ann maidir le struchtúir nó áiteanna a bhféadfadh forbairtí/eastáit neamhchríochnaithe a bheith ina gcuid díobh.

Tá freagracht ar an Rannán Cigireachta freisin eastáit a thógáil i gcúram. Forálann Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 do thógáil i gcúram eastát ar iarratas ón bhforbróir nó trí phobalbhreith 'áitritheoirí cáilithe' eastáit. Ní thógtar i gcúram eastát go dtí go bhfuil sé críochnaithe de réir na reachtaíochta um rialú pleanála agus foirgníochta.







*Tógáil i gcúram: Féarach Bhrí Mhór (Roimh Ré agus Ina Dhiaidh)*

**Eastáit Neamhchríochnaithe Tithíochta – Ascaill Phámar.**
**Roimh Ré & Ina Dhiaidh**









## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA CIGIREACHTA

| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Líon na Maor Bruscair | 6 | 6 | 6 |
| Líon na bhfíneálacha bruscair eisithe | 1158 | 1220 | 1,111 |
| Líon na bhfíneálacha bruscair íoctha | 424 | 504 | 591 |
| Luach Iomlán na bhfíneálacha bruscair íoctha | 66,545 | 82,851 | 91,570 |

| Gearáin faoin gcomhshaol | | | |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na ngearán | 2883 | 1786 (133 WMA) & (1653 LPA) | 3,587 |
| Líon iomlán na ngearán a ndearnadh iniúchadh orthu | 2883 | 1763 | 3,314 |
| Líon na ngás forfheidhmiúcháin glactha | 101 (Stait. Forfheidh-miúcháin 2012) | 33 | 45 |

| Rialacháin maidir le Dramh-phacáistiú (e.g. rialacháin maidir le ceadanna nó pacáistiú) | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na mball gnó i Repak | 400 | 300 | 350 |
| Líon na ngnóthaí atá féinghéilliúil (do Chomhairle Contae Fhine Gall) | 18 | 20 | 19 |

| Gearáin maidir le truailliú uisce: | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Líon na nGearán/ na dtarluithe a fuarthas/a tugadh faoi deara | 46 | 54 | 37 |
| Líon a ndearnadh iniúchadh orthu | 55 | 60 (2010 tugtha anonn san áireamh) | 37 |
| Líon na ngearán réitithe gan gá le haon bheart breise | 32 | 45 | 31 |
| Líon na ngás foirmiúil (Alt 12) a glacadh | 27 | 4 | 1 |
| Líon na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh | 0 | 0 | 0 |
| Líon na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích go sásúil | 0 | 0 | 0 |

| **Forfheidhmiú Pleanála** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na gcásanna pleanála faoi réir gearáin a ndéantar iniúchadh orthu | 237 | 324 | 322 |
| Líon iomlán na gcásanna pleanála faoi réir gearáin a chealaítear | 116 | 150 | 144 |
| Líon iomlán na ngás forfheidhmiúcháin a thionscnaítear trí litreacha rabhaidh a eisiúint | 186 | 122 | 124 |
| Líon na ngnás forfheidhmiúcháin a thionscnaítear trí fhógraí forfheidh-miúcháin | 69 | 49 | 76 |
| Líon na n-ionchúiseamh pleanála<br>(Dúiche– S.157)<br>(Ard-Chúirt/Cúirt Chuarda – S.160) | 0<br>0<br>1 | 9<br>(8)<br>(1) | 28<br>(15)<br>(13) |

| **Rialú Foirgníochta** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua ar cuireadh an t-údarás áitiúil ar an eolas fúthu | 389 | 373 | 535 |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua ar cuireadh an t-údarás áitiúil ar an eolas fúthu agus a ndearnadh iniúchadh orthu | 42 | 37 | 65 |
| Líon na bhfoirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar cuireadh an t-údarás áitiúil ar an eolas fúthu | 11 | 11 | 12 |
| Líon na n-áitreabh a bhfuiltear ag lorg deimhniúcháin RFF dóibh ón Údarás Rialaithe Foirgníochta | 131 | 169 | 340 |
| Líon na nDeimhniúchán RFF a cuireadh isteach mar fhreagra | 132 | 125 | 109 |
| Líon na nDeimhniúchán Rochtana Míchumais a ndearnadh Measúnú orthu | 136 | 225 | 245 |
| Líon na nEastát ar liosta forbairtí/eastát tithíochta le críochnú (Bunaithe ar shuirbhé RC 2011) | 50 | 152 | n/a |
| Líon na bPleananna réitigh Suíomhanna | 3 | 15 | n/a |

| **Tógáil i gCúram** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Líon na n-eastát a tógadh i gcúram sa bhliain i gceist | 16 | 21 | 32 |
| Líon na n-áitreabh i ndáil le heastáit a tógadh i gcúram | 1052 | 3499 | 3574 |
| Km de bhóthar i ndáil le heastáit a tógadh i gcúram | 6893 | 17238 | 22364 |
| Líon na ngearán maidir le suíomhanna tréigthe/ dainséaracha a ndearnadh iniúchadh orthu | 41 | 52 | 64 |
| Líon na suíomhanna tréigthe ar chlár na suíomhanna tréigthe | 1 | 1 | 1 |

## RANNÁN NA bPÁIRCEANNA & RÉADMHAOINE OIDHREACHTA



Tá Rannán na bPáirceanna & na Réadmhaoine Oidhreachta freagrach as bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar mhórpháirceanna réigiúnacha agus ar réadmhaoin oidhreachta na Comhairle Tá tuairim is 1,373 acra (556 heicteár) de thírdhreach sainithe á bhainistiú ag an gComhairle i bhFine Gall. Anuas air sin, déanann an Chomhairle bainistiú ar roinnt foirgneamh agus gairdíní tábhachtacha stairiúla atá ar oscailt don phobal agus a mheallann na sluaite ón gcontae agus ó áiteanna eile lasmuigh den chontae. Tá an rannán freagrach freisin as garraithe scóir na Comhairle agus as cur i bhfeidhm Phlean Bithéagsúlachta Fhine Gall.

**Diméin Mhullach Íde**

Cuireadh i gcrích mór-athfhorbairt ar Chaisleán agus Gairdíní Chaisleán Mhullach Íde i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus osclaíodh iad go hoifigiúil ar 30 Samhain. Tá turais shuimiúla fhaisnéiseacha den chaisleán agus de na gairdíní ar fáil anois an bhliain go léir. Fuarthas aiseolas dearfach tosaigh maidir leis an athchóiriú agus táthar ag súil le 100,000 cuairteoir sa bhliain 2013.



**Diméin an Droichid Nua**
Le linn 2012 reáchtáladh a lán imeachtaí sa teach agus ar an bhfeirm, go háirithe ar Oíche Shamhna agus um Nollaig, agus reáchtáladh an Seó Flavours of Fingal i rith an Deiridh Seachtaine i mí Iúil. D'ainneoin na drochaimsire le linn an tsamhraidh d'éirigh le Teach agus Feirm an Droichid Nua a ioncam bliantúil a ardú faoi 11% sa bhliain 2012.





**Diméin Ard Giolláin**
Le linn na bliana osclaíodh an chéad ionad iomlánaíoch atá lonnaithe i bpáirc phoiblí in Ard Giolláin. Ar chlár gnóthach Chaisleán Ard Giolláin le linn 2012 bhí cóisir do Leanaí, taispeántais ealaíne, ranganna oíche agus lae, póstaí sibhialta, drámaí lasmuigh agus turais den chaisleán.

**Diméin Sheantraibh**
Bíonn an-tóir ag daoine ar an bpáirc seo, go háirithe an pobal áitiúil, agus thug na sluaite cuairt ar an bpáirc, go háirithe ag an deireadh seachtaine. Tá na garraithe daingne á bhforbairt i gcomhar le grúpa pobail áitiúil.

**Páirc Réigiúnach Ghleann na Life (San Caitríona)**
Leanadh leis na hoibreacha feabhsúcháin sa pháirc le linn 2012 agus cuireadh isteach dromchla ar féidir cruicéad a imirt air. Tar éis comhairliúchán fairsing le húsáideoirí na páirce dréachtaíodh máistirphlean den pháirc.

**Clóis súgartha**
Tá na clóis súgartha sna ceithre dhiméin i measc na gclós is mó éileamh sa tír agus is áis iad do na mílte leanbh bheith ag súgradh in áit shábháilte, ach dúshlánach.

**Bithéagsúlacht**
Seoladh "Tionscadail Inír i Spás Oscailte" i bPáirc San Caitríona i Leamhcán agus i mBinn Éadair. Faoi Chlár Athbhunaithe na Patraisce Léithe d'éirigh leis an gcéad iarracht ar phórú san fhiántas le 50 bliain anuas. Chuir an Rannán chun cinn roinnt tionscadal eile bithéagsúlachta lena n-áirítear 3 phríomhthionscadal taispeána; feirmeoireacht don fhiadhúlra, bainistiú tuilemhá feadh abhainn na Life agus bainistiú fraochmhá i mBinn Éadair.

**Garraithe Scóir**
Rinneadh cothabháil ar gharraithe poiblí scóir i mBaile an Phaoraigh, Baile Átha Cliath 15, i dTuirbhe, Domhnach Bat agus sna Sceirí. Forbraíodh garraithe scóir nua i mBaile Brigín i gcomhar le Cumann Garraithe Scóir Bhaile Brigín, agus leis sin ardaíodh an líon de gharraithe scóir go dtí 900.

**Tionscnamh agus Imeachtaí**

- Athosclaíodh Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde agus anois tá sé ina cheann scríbe mór náisiúnta agus idirnáisiúnta do chuairteoirí
- Seó Talmhaíochta agus Bia Flavours of Fingal ag Teach an Droichid Nua
- Glacadh le beartas "Ná Caith Tobac i gClóis Súgartha" d'Fine Gall
- Reáchtáladh Jamóige na nGasóg in Ard Giolláin, ar fhreastail 3,500 gasóg óg air
- Glacadh le "Straitéis Garraithe Scóir d'Fhine Gall"
- A bhuíochas leis an obair athchóirithe ar an tuirbín uisce ag Muileann Shackleton beidh an muileann in ann a dhóthain féin leictreachais a ghiniúint
- Mar chuid den tseachtain Náisiúnta Áineasa, dhear agus thóg na daltaí ó Scoil Phobail Bhaile an Hartaigh dealbha as ábhair nádúrtha i bPáirc San Caitríona.

## AN RANNÁN UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tacaíonn an Rannán um Fhorbairt Eacnamaíoch le forbairt struchtúrtha eacnamaíoch Fhine Gall trí thionscadail a phleanáil, a thionscnamh agus a bhainistiú, ar tionscnaimh iad a chuireann go dearfach le forbairt leanúnach eacnamaíochta an chontae. Cuireann an Rannán chun cinn cruthú post i gcomhar le gnóthaí áitiúla, le Comhlachais Tráchtála, leis an ÚFT agus le Fiontraíocht Éireann. Cuireann sé chun cinn an chomhoibrithe idir Bord Forbartha Fhine Gall, FÁS, Bord Fiontar Contae Fhine Gall agus na hinstitiúidí tríú leibhéal, lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

**An Oifig Fiontar Áitiúil – (OFÁ)**

Foilsíodh Clár Gnímh an Rialtais um Rialtas Éifeachtach Áitiúil - Putting People First – i mí Dheireadh Fómhair, 2012. Leagtar amach sa doiciméad seo ról níos soiléire, níos fearr don rialtas áitiúil i gcothú agus in éascú na forbartha fiontar agus eacnamaíochta. Beidh feidhmiú na seirbhíse tacaíochta d'fhiontair áitiúla, a chuirfidh le fairsinge agus le doimhne fheidhmeanna Chomhairle Contae Fhine Gall, go háirithe ina chroíghné dár ról forbartha eacnamaíochta. Déanfar an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíoch a chónascadh leis an mBord Fiontar Contae (BFC) chun Oifig Fiontar Áitiúil a bhunú sa bhliain 2013.

**Pleanáil, Margaíocht & Cur Chun Cinn Eacnamaíochta Fhine Gall**

Sa bhliain 2012 cuireadh tús le hobair ar straitéis nua, Straitéis Eacnamaíochta 2013 – 2017 mar a bhfuiltear ag féachaint le príomhréimsí straitéiseacha a fhorbairt agus dul i ngleic le saincheisteanna ar leith, mar shampla cruthú fostaíochta, forbairt scileanna agus tacaí agus seirbhísí d'fhiontair.

Acmhainn ar líne is ea www.fingalworks.ie ar a bhfuil eolas dóibhsean atá ag lorg poist, do ghnóthaí nuabhunaithe, do ghnóthaí seanbhunaithe, d'infheisteoirí agus dóibhsean a bhfuil spéis acu gnó a dhéanamh nó bheith ina gcónaí i bhFine Gall, agus cuirtear eolas sonrach ar fáil faoi leas sóisialach, iomarcaíocht, airgeadas do ghnóthaí, oiliúint, meantóireacht, staidéir féidearthachta agus taighde agus forbairt agus an t-eolas go léir ar fáil i bhformáid atá éasca le húsáid.

I mí Bealtaine 2012 d'óstáil Méara Fhine Gall, An Comh. Gerry McGuire comhdháil eacnamaíochta dar teideal **'Fingal – Preparing for Economic Recovery'**. Sa chomhdháil seo bhíothas ag plé cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair agus ag plé na n-athruithe atá ag tarlú. Pléadh ag an gcomhdháil na riachtanais san earnáil faoi láthair agus na nithe a gcaithfidh Fine Gall obair a dhéanamh orthu chun leas iomlán a bhaint as an téarnamh eacnamaíochta atá ag tosú.




Bhí Comhairle Contae Fhine Gall ina combhunaitheoir ar ***'The Green Way – Dublin's Cleantech Cluster'***, a bhfuil mar aidhm aige Saincheantar Eacnamaíochta Glas a fhorbairt a mbeidh aitheantas idirnáisiúnta aige a thacóidh leis an bpleanáil agus leis an infheistiú atá á dhéanamh faoi láthair sa bhonneagar, mar a n-oibreoidh gach rannpháirtí – idir phoiblí agus phríobháideach, Éireannach agus Idirnáisiúnta - i gcomhar lena chéile chun poist bheoga, sár-inoiriúnaithe a chruthú, agus chun cur leis na hinniúlachtaí atá acu araon tacú leis an nuálaíocht, leis an athnuachan agus leis an athrú. Sa bhliain 2012 bheartaigh The Green Way ar an gcuspóir "Cur chuige comhchoiteann maidir le soláthar/réamhsholáthar glas a ullmhú, a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm ar fud na bpríomheagraíochtaí comhpháirtíochta de réir an bheartais náisiúnta atá ag teacht chun cinn".

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, bunaíodh an Grúpa Soláthair, ar a bhfuil Oifigigh Soláthair as measc na bpríomhpháirtithe, agus thionóil an grúpa Taispeántas Soláthair "Meet The Buyer", chun an nuálaíocht a spreagadh mar a bhaineann le Soláthar Glas, trí sholáthraithe a d'fhéadfadh earraí, seirbhísí agus oibreacha ardchaighdeáin ó thaobh an chomhshaoil de a chur in aithne dá bhfoirne soláthair. Rinneadh seo mar idirchaidreamh tosaigh, as a n-eascródh rannpháirtíocht réamhthráchtala agus caidrimh fhadtéarmacha soláthair.

**Caidrimh Idirnáisiúnta**

Bíonn Comhairle Contae Fhine Gall páirteach sa ghrúpa ***Edge Cities Network*** a thugann le chéile bailte agus cathracha ar imeall na mórchathracha Eorpacha ó bhí 1996 ann. An aidhm leanúnach leis seo ná líonrú a dhéanamh chun réitigh ar dhúshláin eacnamaíochta agus shóisialta a roinnt sna háiteanna a bhfuil na baill lonnaithe.



## Cur Chun Cinn na Turasóireachta

Tháinig ***Fóram Turasóireachta Fhine Gall*** le chéile cúpla uair le linn 2012 agus lean an obair ar fhorbairt Straitéis an Chósta – straitéis a bunaíodh chun céannacht láidir a fhorbairt do chósta Fhine Gall, chun eolas ábhartha a thiomsú maidir leis na saoráidí atá ar fáil feadh an chósta agus chun plean a chur i bhfeidhm le síneadh a chur le siúlóidí agus raonta rothar ar an gcósta.

Reáchtáladh an Seó ***Flavours of Fingal*** ar an 21 agus 22 Iúil, 2012 i dTeach an Droichid Nua, Domhnach Bat. D'fhreastail tuairim is 18,000 duine ar an seó seo sa tréimhse dhá lá sin. Sna garraithe daingne bhí breise is 50 duine suite lena dtaispeántais féin agus tháinig cuairteoirí chun éisteacht le ceol beo, chun bheith ag damhna, chun breathnú ar thaispeántais chócaireachta agus chóirithe bláthanna agus chun amharc ar na taispeántais iontacha gairdín. Sa spás do thaispeántais feirme reáchtáladh comórtais caorach agus eallaí, seó eachaíochta agus seó aclaíochta madraí. Ar na nithe a bhí ar fáil do theaghlaigh bhí péinteáil aghaidhe, balúin, mionchampa CLG agus caisleáin aeir. Reáchtáladh taispeántas fíodóireachta agus sníomhacháin, bhí léiriú ann ó ghabha dubh agus d'fhéadtaí dul ar thuras timpeall Theach an Droichid Nua ceachtar den dá lá. Anuas air sin, bhí seó mór bithéagsúlachta ar siúl inar taispeánadh iolair fíréan. Le breis is 50 oibrí deonach cinntíodh gur reáchtáladh gach gné den ócáid go mín réidh agus sa suirbhé a tugadh do dhaoine ar fhágáil dóibh chuir siad in iúl go raibh siad thar a bheith sásta le hilchineálacht an tseó agus leis an ionad iontach agus go bhfillfidís ar an seó i gcás go reáchtálfaí arís é sa bhliain 2013.





Leanadh den tacaíocht airgeadais a chuir an Chomhairle ar fáil le haghaidh riar agus fheidhmiú ***Thurasóireacht Fhine Gall*** agus baineadh sin amach trí bhallraíocht na Comhairle ar a bhord agus trí pháirt a ghlacadh ina chomhchláir trádála agus trína aonaigh do thomhaltóirí, trí phromóisin i siopaí, trí fhógraíocht spriocdhírithe, trí chaidrimh phoiblí agus trí fheachtais dhíreacha mhargaíochta agus trí threoirleabhair thurasóireachta www.fingaldublin.ie

Lean an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíochta ag bainistiú tionscadail agus ag soláthar tacaíochta do ***Thionscadal Athfhobartha Chaisleán & Ghairdíní Mhullach Íde*** a d'oscail an Méara agus an tAire Iompair, Turasóireachta & Spóirt an 30 Samhain, 2012. Féadfaidh cuairteoirí anois leas a bhaint as eispéireas níos idirghníomhaí don chuairteoir le Turas ar an gCaisleán, le hoscailt Gharraithe Daingne na Lus agus na plásóige thiar don phobal den chéad uair, agus le hoscailt bialainne agus siopaí ardchaighdeáin faoi stiúir Avoca Handweavers chomh maith le fearann páirce agus clós súgartha. Tacófar le suas le 100 post, a áiríonn 80 post nua i mbialanna AVOCA.

## Páirceanna a Fhorbairt agus a Bhainistiú

Déanann an Chomhairle bainistiú ar Pháirceanna Tionsclaíocha ag Baile Dama, ag an gCúil Mhín, ag an gCeapach, Baile Stiofáin, Páirc Ghnó na Bá, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta an Choláiste, Baile Bhlainséir agus Tuirbhe.

**Forbairt agus Bainistiú ar Ionaid Fiontair do Ghnóthaí Nuabhunaithe**
D'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall trí cinn d'ionaid Fiontar sa Chontae, agus cuireann an Chomhairle tacaíocht leanúnach ar fáil dóibh. Cuirtear spás ar fáil do ghnóthaí nuabhunaithe agus saoráidí do ghnóthaí atá ag feidhmiú sna limistéir sin in. ***Ionad Fiontair Dhraighneáin*** i Sord chomh maith le ***BASE*** i Mullach Eadrach agus ***BEaT*** i mBaile Brigín. Faoi láthair tá breis is 65 gnó agus breis is 250 post á dtacú sna trí ionad fiontar.




## BORD FORBARTHA FHINE GALL

Sa bhliain 2012 bhí Bord Forbartha Fhine Gall (BFFG) ag feidhmiú faoi scáth an Údaráis Áitiúil mar Bhord ilghníomhaireachta. Le linn 2012 lean BFFG ag cur i bhfeidhm bhliain dheireanach a Straitéise 2009-2012 – "Building a Better Fingal". Ar an mBord tá ionadaithe ó gach ceann de na Príomhranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Páirtithe Sóisialta agus ón Earnáil Forbartha Áitiúla. Bhí an Bord ag feidhmiú mar struchtúr foriomlán rialaithe ag baint amach chur i gcrích na straitéise trí 12 ghrúpa oibre, tacaithe ag foireann ó Chomhairle Contae Fhine Gall.


Members of Fingal Age Friendly County Initiative attending the Health Fitness & Wellbeing Programme in ITB

- Coiste na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta
- Infheistigh i bhFine Gall – An Coiste Forbartha Eacnamaíochta
- Grúpa Oibre Fhine Gall um Míchumas/Inrochtaineacht
- Grúpa Idirghníomhaireachta Fhine Gall maidir leis an Lucht Siúil
- Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall
- Mol Sonraí Fhine Gall
- Comhairle na nÓg Fhine Gall
- Coiste Seirbhísí Leanaí Fhine Gall
- Fóram Comhtháite Iompair Fhine Gall
- Fóram Páirtithe Leasmhara Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Tionscnamh Fhine Gall a Thacaíonn le Daoine Breacaosta
- An Seó Flavours of Fingal

Chuir an Rialtas in iúl, sa doiciméad beartais "Putting People First" go rabhthas chun deireadh a chur leis an Boird Forbartha Contae (BFCanna). Cibé scéal é, cé gur cuireadh in iúl go rabhthas chun deireadh a chur le struchtúr na mBord, fógraíodh coiste nua, "An Coiste Socheacnamaíochta" faoi stiúir an Údaráis Áitiúil, a thiocfaidh i gcomharba amach anseo ar na BFCanna maidir lena bhfeidhmeanna comhordúcháin. Fanfaidh an Bord Forbartha Contae i bhfeidhm, ámh, go dtí 2013 ar feitheamh bhunú an Choiste Socheacnamaíochta.

**RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)**
Sa bhliain 2012 bhí limistéar amháin sainithe RAPID i bhFine Gall, a chuimsigh naoi gcinn de limistéir eastáit tithíochta an údaráis áitiúil i mBaile Átha Cliath 15. Ar Fhoireann Forfheidhmithe an Limistéir (FFL) RAPID, tá áitritheoirí áitiúla, Gníomhaireachtaí móra Stáit, ionadaithe ón Earnáil Forbartha Áitiúla, agus feidhmíonn an FFL mar a bheadh struchtúr rialaithe. Déantar obair idirghníomhaireachta i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na meabhairshláinte agus cuirtear i bhfeidhm feabhsuithe ar leibhéil an chomhoibrithe, an tsoláthair seirbhíse agus na rannpháirtíochta pobail. Tá comhordaitheoir lánaimseartha amháin ag an limistéar RAPID agus faigheann sé tacaíocht riaracháin ó Bhord Forbartha Fhine Gall.

# An Roinn Airgeadais

Is éard a bhíonn i gceist leis sin ná:

- monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse
- riachtanais iasachtaithe agus léasála a shocrú
- bainistiú an chisteáin agus sreabhadh airgid
- a chinntiú go gcomhlíontar prionsabail reachtúla agus chuntasaíochta airgeadais.

Glantar ioncam na Comhairle, nó an caiteachas laethúil, ó fhoinsí cosúil leo seo:

- Rátaí Tráchtála
- Deontais ón Rialtas
- Cíosanna ó Thithíocht
- Muirir Thráchtála Uisce
- Táillí a ghearrtar ar le haghaidh iarratais phleanála
- Muirir a ghearrtar ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha.

Bíonn an méid airgid atá ar fáil d'fhorbairtí caipitil nó bonneagair ag brath ar Dheontais Stáit, iasachtú agus/nó tobhaigh forbartha.

- Áirítear i measc phríomhfheidhmeanna na Roinne Airgeadais:
- Buiséad Bliantúil a Ullmhú
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil a Ullmhú
- Bainistiú agus Rialú Airgeadais
- Bailiú Ioncaim – rátaí tráchtála, tobhaigh tráchtála uisce, tobhaigh réadmhaoine na bliana iontrála, muirear ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha
- Íocaíocht na gcuntas
- Riar an phárolla
- Riar árachais agus éileamh
- Oibríochtaí Oifig an Airgid.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

An aidhm atá leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 ná a chinntiú go ndéanfaidh Comhlachtaí Poiblí agus Conraitheoirí atá ar chonarthaí san earnáil phoiblí soláthraithe a íoc go pras. I gcás nach ndéantar íocaíocht laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta fháil sonraisc bhailí, tá sé de dhualgas orthu ús pionóis a íoc.

De réir chinneadh an Rialtais S29296 agus de réir an Phlean Téarnaimh Náisiúnta d'Éirinn, tá riail ag Comhairle Contae Fhine Gall sonraisc a íoc go pras laistigh de 15 lá.

Déantar monatóireacht leanúnach ar leibhéal agus ar chineál na sonrasc gan íoc le linn na bliana agus feidhmítear i gcás gur iomchuí é chun go mbainfidh an Chomhairle amach gach ceann dá spriocdhátaí ó thaobh íocaíochta de.

Le linn na bliana 2012 níor thabhaigh an Chomhaire aon phionóis úis agus íocadh 93% de na sonraisc laistigh de thréimhse 15 lá.

**Táscairí Feidhmíochta:**

| | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Rátaí Tráchtála<br>(An méid bailithe mar % den méid dlite) | 83.13% | 84.99% | 83.85% |
| Muirir Thráchtála Uisce/Fuíolluisce<br>(Méid bailithe mar % den méid dlite) | 69.52% | 70.9% | 71.7% |

# Ráiteas Maidir Leis an gCuntas Ioncaim

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

| | DRÉACHT 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Caiteachas** | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 36,993,164 | 36,335,126 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 22,253,315 | 24,480,106 |
| Uisce & Séarachas | 43,233,278 | 41,405,132 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 13,964,482 | 14,040,214 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 35,352,876 | 46,015,459 |
| Áineas & Conláistí | 30,045,311 | 30,125,270 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 6,272,116 | 14,429,892 |
| Ilchineálach | 20,612,395 | 18,003,426 |
| **Caiteachas Comhlán Iomlán** | **208,726,937** | **224,834,625** |
| **Ioncam** | | |
| Tithíocht & Foirgníocht | 35,345,411 | 36,751,385 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 8,329,501 | 10,200,697 |
| Uisce & Séarachas | 13,593,465 | 12,599,386 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 2,188,120 | 2,173,851 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 5,704,402 | 15,391,177 |
| Áineas & Conláistí | 2,984,820 | 3,445,498 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 4,896,672 | 13,164,898 |
| Ilchineálach | 8,393,321 | 6,776,676 |
| **Ioncam Iomlán** | **81,435,712** | **100,503,568** |
| **Glanchaiteachas** | **127,291,225** | **124,331,057** |
| ***Arna mhaoiniú ag:*** | | |
| Rátaí Contae | 121,495,756 | 116,394,656 |
| Ciste an Rialtais Áitiúil | 19,909,684 | 22,660,895 |
| Asbhaint Pinsean-bhainteach | 3,453,932 | 3,606,123 |
| **IOMLÁN** | **144,859,372** | **142,661,674** |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe | 17,568,147 | 18,330,617 |
| Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí | (17,765,759) | (18,307,805) |
| | (197,612) | 22,812 |
| Iarmhéid Tosaigh @ 1 Eanáir | 17,673,622 | 17,650,810 |
| **Iarmhéid Deiridh @ 31 Nollaig** | **17,476,010** | **17,673,622** |

# Ráiteas Maidir leis an gCuntas Caipitil

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

| | DRÉACHT 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Caiteachas (Glan ar Aistrithe Inmheánacha)*** | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 20,416,040 | 47,462,438 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 26,862,124 | 35,972,148 |
| Uisce & Séarachas | 44,612,534 | 35,156,238 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 24,688,325 | 36,642,046 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 5,619,834 | 5,671,965 |
| Áineas & Conláistí | 17,520,155 | 6,667,328 |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 280,320 | 1,747,202 |
| | **139,999,332** | **169,319,365** |
| **Ioncam (Glan ar Aistrithe Inmheánacha)*** | | |
| Tithíocht & Foirgníocht | 16,868,888 | 120,699,487 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 24,935,309 | 32,412,616 |
| Uisce & Séarachas | 38,601,676 | 40,712,263 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 12,486,486 | 30,435,366 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 5,493,611 | 5,740,000 |
| Áineas & Conláistí | 15,034,556 | 5,653,014 |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 5,061,470 | 4,689,298 |
| | **118,481,996** | **240,342,044** |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **(21,517,336)** | **71,022,679** |
| Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ 1 Eanáir | 89,901,157 | 18,878,478 |
| **Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ 31 Nollaig** | **68,383,821** | **89,901,157** |

*Ní áirítear aistrithe inmheánacha, ach áirítear aistrithe chuig an gcuntas Ioncam agus ón gcuntas Ioncaim

# An Roinn Tithíochta

## SOLÁTHAR TITHÍOCHTA

Díríonn an soláthar tithíochta anois ar an Scéim um Léasú Fadtéarmach agus ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

Go dtí seo fuarthas 757 maoin SCC, 148 sa bhliain 2012.
59 maoin faoin Léasú Fadtéarmach, 22 díobhsan sa bhliain 2012.

Sa tógáil tithíochta cuireadh i gcrích 2 áitreabh inlíonta ag Ascaill Phlásóg an Dúin, Baile Bhlainséir sa bhliain 2012.

### Tithíocht Inacmhainne

Díoladh 14 réadmhaoin faoin Scéim um Thithíocht Inacmhainne sa bhliain 2012, agus lean an Chomhairle ag léasú na n-aonad neamhdhíolta de thithíocht inacmhainne le comhlachtaí deonacha tithíochta, de réir cheanglais RCORA, agus tá teaghlaigh ó liosta tithíochta na Comhairle ina gcónaí i 228 de na háitribh sin.

### Scéim deontais chun tithe a chur in oiriúint do dhaoine scothaosta atá faoi mhíchumas

Faomhadh 248 deontas arb ionann a n-iomlán agus €2,072,365.

## STOC TITHÍOCHTA

### Ar Cíos

Ar 31 Nollaig 2012 bhí 4,478 maoin shóisialta agus 58 maoin ar léas fadtéarmach sa stoc tithíochta. B'ionann an t-ioncam cíosa ó na háitribh sin agus €12,400,688.

Ar 31 Nollaig 2012, thug 1,828 cuntas beo morgáiste isteach íocaíochtaí de €11,585,793.

## BAINISTIÚ EASTÁIT

Tabhaíodh caiteachas ioncaim de €4.97m mar thoradh ar fhreagairt do ghlaonna cothabhála agus ar chothabháil ghinearálta Stoc Tithíochta agus eastáit na Comhairle. Fuarthas 9,121 iarratas ar chothabháil le linn 2012.

Anuas air sin, bhí 4,039 coire mar chuid de Chlár Seirbhísithe Coirí na Comhairle.

Reáchtáladh 6 cinn de Chúrsaí Ionduchtúcháin do Thionóntaí chun cuidiú le hiarratasóirí tithíochta socrú isteach ina dtithe agus ina bpobail nua.

D'fhreastail an Rannóg Bainistithe Eastáit ar chruinniú chun cónaitheoirí a spreagadh páirt a ghlacadh i mbainistiú eastáit agus ar 18 gcruinniú leis na Gardaí i ndáil le póilíneacht Pobail agus Eastáit.

Fuarthas 672 gearán maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta agus le sárú tionóntachta le linn 2012.

Bhí 8 gcinn d'orduithe eisiaimh i bhfeidhm i ndáil le daoine frithshóisialta chun iad a choinneáil amach ó thionóntachtaí na Comhairle agus athshealbhaíodh 7 dtionóntacht mar thoradh ar iompraíocht fhrithshóisialta.

Cuireadh i gcrích Oibreacha Feabhsúcháin Eastáit, le railí, uasghrádú ar chlóis, dúnadh lánaí agus cur crann, i mBaile an Fhaoitigh, Móinteán na gCaorach, Cnoc na gCaorach, Caisleán an Churraigh, Eastát an Mhuilinn Ghaoithe agus Eastát Choill na Giúise chun iarracht a dhéanamh Iompraíocht Fhrithshóisialta a mhaolú.

Tabhaíodh caiteachas caipitil de €5.35m ar chláir phleanáilte chothabhála agus ar fheabhsúcháin eile cosúil leo seo a leanas:

- Cuireadh i gcrích Deisiúcháin ar 134 áitreabh sular cuireadh iad ar cíos agus fuarthas deontas de €770,000 i ndáil le bearta éifeachtachta fuinnimh a cuireadh i gcrích sna háitribh sin, a ghnóthaigh coigilt de 967,422.90 KW.

- Suiteáladh téamh lárnach agus rinneadh oibreacha uasghrádaithe i 48 áitreabh, a ghnóthaigh coigilt de 466,112.41 KW.

Thacaigh an Rannóg Bainistithe Eastáit le Dimplex agus iad i mbun a dtionscnaimh 'Green Way' – chun cineál nua de thaiscthéamh leictreach a chur i bhfeidhm go céimneach i 73 aonad i gCaisleán an Churraigh.

Rinneadh oibreacha péinteála agus siúinéireachta i 593 áitreabh faoin gclár um chothabháil thimthriallach.

Cuireadh i gcrích oibreacha athchóirithe i 12 áitreabh in Eastát Radharc Bheanna Boirche faoin Scéim um Oibreacha Deisiúcháin agus fuarthas deontas de €512,000 i ndáil leis an Scéim seo.

Cuireadh i gcrích oibreacha inslithe i 630 áitreabh ar fud an Chontae, agus cuireadh 430 díobhsan i gcrích i gclár páirtmhaoinithe ag deontas de €200,000 ó Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Íocadh an chuid eile den Maoiniú Caipitil seo as acmhainní féin na Comhairle. Faoin gclár seo baineadh amach coigilt de 1,725,553.30 KW.

Cuireadh i gcrích Clár Athsholáthair Fuinneog agus Doirse i 102 áitreabh le seomra amháin codlata, agus díobhsan bhí 60 páirtmhaoinithe ag deontas de €282,500 ó Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Cuireadh an chuid eile den maoiniú seo ar fáil as acmhainní féin na Comhairle. Faoin gclár seo baineadh amach coigilt de 552,370.45 KW.

Mar thoradh ar bhearta éagsúla éifeachtachta fuinnimh na Comhairle le linn 2012 baineadh amach coigilt fuinnimh de 3.71 Gigeavata/Uair.

## LEITHDHÁILEADH

San iomlán leithdháileadh 557 áitreabh sa bhliain 2012 ar iarratasóirí a bhí tar éis cur isteach ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta ón gComhairle, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Sóisialta Ócáideach | 95 |
| • Sóisialta Nuathógtha | 24 |
| • SCC | 46 |
| • SCC in-situ | 60 |
| • SCC Athnuachaintí | 18 |
| • Deonach Ócáideach | 9 |
| • Deonach Nuathógtha | 165 |
| • Deonach T. Inacmhainne Neamhdhíolta | 119 |
| • Léasú Fadtéarmach | 21 |

Bhí 9,731 iarratasóir faofa a bhí tar éis cur isteach ar Thacaíocht Tithíochta sóisialta ón gComhairle amhail ag 31 Nollaig 2012.

## CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag cur i bhfeidhm Chlár Cóiríochta 2009 – 2013 don Lucht Siúil ar feadh an ama. Tosóidh an chéad Chlár Cóiríochta eile don Lucht Siúil i mí Eanáir 2014.

De réir chuspóirí Ghrúpa Idirghníomhaireachta Fhine Gall don Lucht Siúil, bhí Iostáin Ard Ló, na Sceirí, ar an gcéad sainscéim phíolótach bainistithe eastáit don lucht siúil sa bhliain 2012.

| **TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| **T: Tithíocht** | | | |
| **T.1 Folúntais Tithíochta:** | | | |
| Líon iomlán na n-áitreabh i stoc an údaráis áitiúil | 4,478 | 4,508 | 4,459 |
| % foriomlán na n-áitreabh a cuireadh ar cíos | 96.74% | 97.25% | 98.09% |
| % foriomlán na n-áitreabh atá folamh | 3.26% | 2.75% | 1.91% |
| % foriomlán na n-áitreabh faoi réir mórscéimeanna athchóirithe | n/bh | 8.9% | n/a |
| % foriomlán na n-áitreabh gan a bheith ar fáil le cur ar cíos | 82.2% | 88.7% | 95.29% |
| % foriomlán na n-áitreabh ar fáil le cur ar cíos | 17.8% | 11.3% | 4.71% |
| **T.2 Meánmhéid ama chun áitribh a chur amach ar cíos arís** | 35 lá | 2.9 seacht. | 1 sheachtain |
| **T.3 Líon na ndeisiúchán i gcrích mar chéatadán den líon iarratas bailí ar dheisiúchán** | 96% | 97% | 95% |

| **T.4 Meánmhéid ama a ghlacann sé cinneadh an Údaráis Áitiúil maidir le hiarratas a chur in iúl d'iarratasóirí dóibh seo a leanas:** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Scéim úinéireachta roinnte tithíochta | n/bh | n/bh | n/bh |
| Scéimeanna iasachta tithíochta | 81 lá | 56 lá | n/bh |
| Tithíocht an údaráis áitiúil | 30 lá | 60 lá | n/bh |
| **T.5 Cóiríocht don Lucht Siúil** | | | |
| Líon iomlán na dteaghlach ón lucht siúil ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh mar chéatadán de na spriocanna socraithe sa chlár áitiúil cóiríochta don lucht siúil | 40% | 15% | 66.67% |
| **Ion.: Bailiú Ioncaim** | | | |
| **Ion.1 Cíos Tí** | | | |
| (a) Méid bailithe sa bhliain mar chéatadán den méid dlite | 87.28% | 86.09% | 90.98% |
| (b) Céatadán de riaráistí | | | |
| 4 – 6 seachtaine d'aois | 5.12% | 4.52% | 6.7% |
| 6 – 12 sheachtain d'aois | 13.91% | 12.51% | 16.42% |
| Níos mó ná 12 sheachtain d'aois | 75.34% | 77.35% | 67.86% |
| **Ion. 2 Iasachtaí Tithíochta** | | | |
| (a) Méid bailithe sa bhliain mar chéatadán den méid dlite: | 90.65% | 93.60% | 95.25% |
| (b) Céatadán de riaráistí: | | | |
| 1 mhí d'aois | 6.46% | 10.82% | 12.59% |
| 2 – 3 mhí d'aois | 4.94% | 6.48% | 10.15% |
| Níos mó ná 3 mhí d'aois | 88.60% | 82.70% | 77.26% |

# Acmhainní Daonna

Mar thoradh ar an líon daoine a d'imigh ar scor sa bhliain 2012, bhí gá tabhairt faoin bpleanáil comharbais chun a chinntiú go bhféadfaí na seirbhísí reatha a choinneáil.

Bronnadh gradam na hEarnála Údaráis Áitiúil ar an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta, don dara bliain as a chéile, ag Gradaim Bhliantúla Sábháilteachta Gairme Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann. Is léiriú an ghnóthachtáil seo ar ár dtiomantas barr feabhais agus feabhsúchán a bhaint amach inár soláthar seirbhíse.

**Earcaíocht**
Amhail ag 31/12/2012 bhí 1330 ball foirne (CLA) fostaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall agus seo a leanas an miondealú

| | Buan | Sealadach | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| Riarachán | 510 | 1 | 511 |
| Gairmiúil | 132 | 7 | 139 |
| Teicniúil | 162 | - | 162 |
| Craft | 76 | - | 76 |
| Oibrithe Ginearálta | 442 | - | 442 |
| Iomlán | 1322 | 8 | 1330 |

**Daoine ar Scor**
D'imigh 68 ball foirne ar scor sa bhliain 2012.

**Oiliúint Foirne**
Sa bhliain 2012 d'éirigh leis an gCoiste FGL gradam a bhaint amach ó Engineers Ireland Company of the year Award – Public Sector Category, mar aitheantas ar na Cleachtais láidre, struchtúrtha FGL agus d'éirigh le Comhairle Contae Fhine Gall tomhaltas fuinnimh a laghdú go sásúil agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach sna Seirbhísí Uisce, fad is a baineadh amach coigilt shuntasach sa phróiseas.

Reáchtáladh 62 Cúrsa Traenála sa bhliain 2012 mar ar cuireadh 1568 áit traenála ar fáil don fhoireann.

Bhain 50 fostaí leas as Scéim Oideachais na Foirne sa bhliain 2012.

**Táscaire Feidhmíochta**
Sláinte Chorparáideach – Céatadán na laethanta caillte toisc daoine a bheith as láthair de bharr tinnis: 5.60%.

**Caidrimh Thionsclaíocha**
Chothaigh an Chomhairle a thaifead maith de chaidrimh thionsclaíocha.

**Sláinte & Sábháilteacht**
Cuireadh na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích le linn 2012;
- Rinneadh 300 iniúchadh sábháilteachta
- Reáchtáladh 16 iniúchadh sábháilteachta

# An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise

Tá an Roinn Teicneolaíochta Faisnéise (TF) freagrach as an úsáid straitéiseach a bhaintear as teicneolaíochtaí faisnéise i gComhairle Contae Fhine Gall chun tacú le réimse gnó i mbaint amach a gcuspóirí trí éifeachtacht agus éifeachtúlacht níos fearr.

Cuidíonn an Roinn TF leis an gComhairle seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh, don fhoireann agus d'ionadaithe tofa poiblí ar bhealaí éagsúla mar sampla ag an deasc san fháiltiú, trí ghléasanna Fón Póca, trí theicneolaíochtaí idirlín agus trí theicneolaíochtaí cosúil le GIS agus Web 2.0 a úsáid.

**Apps4Fingal**
D'oibrigh an Roinn TF i gcomhar leis an Rannán um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta chun comórtas a eagrú a spreagfadh úsáid Shonraí Fhine Gall chun fón póca agus aip ar líne a chruthú. Seoladh an comórtas roimh Nollaig 2011 agus ina dhiaidh sin reáchtáladh lá na smaointe i mí Eanáir 2012 agus searmanas bronnta gradam i mí Márta 2012. D'éirigh thar barr leis an gcomórtas agus bhí 70 iontráil i ngach catagóir. Ba é Cianán Clancy an buaiteoir dá aip Discover Fingal.

**Gradam an Taoisigh do Bharr Feabhais sa tSeirbhís Phoiblí**
Ainmníodh Sonraí Oscailte Fhine Gall **(http://data.fingal.ie)** do Ghradam Barr Feabhais an Taoisigh don tSeirbhís Phoiblí. Ghlac an Comhairleoir Gerry Maguire, a bhí ina Mhéara ar Fhine Gall ag an uair an Gradam thar cheann na Comhairle ón Taoiseach Enda Kenny T.D. ag ócáid i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 21 Meitheamh 2012.



**Tionscadail**

Chuir an Roinn TF i gcrích roinnt mórthionscadal i gcomhar le Ranna éagsúla na Comhairle le linn 2012, lena n-áirítear –

***FixYourStreet***

- An pobal ag cur saincheisteanna in iúl don Chomhairle.

***Aighneachtaí Pleanála ar Líne***

- Féadfaidh an pobal aighneachtaí a dhéanamh ar líne i ndáil le hIarratais Phleanála.

***Cruinnithe na Comhairle Córas Chéim 1 (Cruinnithe na Comhairle)***

- Córas chun bainistiú a dhéanamh ar Chláir Oibre, Ceisteanna, Tuarascálacha agus Miontuairiscí na Comhairle.

***SMS le haghaidh na Leabharlann***

- Foláirimh SMS d'iasachtóirí ag cur in iúl dóibh go bhfuil leabhar leabharlainne le tabhairt ar ais, go bhfuil leabhar ann dóibh le bailiú etc.

***JustMaps – amharcóir idirghníomhach léarscáile***

- Córas nua léarscáile don fhoireann.

***Áis Chuardaigh maidir le Tarscaoileadh Muirir Teaghlaigh***

- Uirlis a chuidíonn leis an bpobal a fháil amach an bhfuil siad i dteideal tarscaoilte.

***Tionscadal Lintéir Bhóthair***

- Sonraí maidir le Lintéir Bhóthair arna dtaifeadadh i gcóras GIS.


***Gnó Sóisialta***

- Bogearra comhoibrithe fiontair don fhoireann.

**Deasc Seirbhíse**

| **Staitisticí maidir le Glaonna** | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Glaonna Deisce Seirbhíse Logáilte | 4,276 | 5,324 | 5,952 |
| Meánlíon glaonna in aghaidh na míosa | 356 | 444 | 496 |
| Meánlíon glaonna in aghaidh an lae | 11 | 22 | 23 |
| Réitithe laistigh de 24 uair | 47% | 45% | 57% |

**Miondealú ar Ghlaonna chuig an Deasc Seirbhíse 2012**



# An Roinn Dlí

Cuireann an Roinn Dlí seirbhís chuimsitheach dlí ar fáil don Bhainisteoir Contae agus do gach ceann de Ranna na Comhairle i ndáil le raon leathan éagsúil d'fheidhmeanna reachtúla. Áirítear i measc na seirbhísí sin:-

- Comhairliúchán le cliant-ranna i ndáil le feidhmeanna reachtúla
- Comhairle a chur ar ranna i ndáil le haon saincheist ag eascairt ó chás-dlí agus an creat rialála ag rialú na n-údarás áitiúil
- Oiliúint a chur ar fáil do Ranna na Comhairle
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Comhairle ag eadráin agus éisteachtaí ó bhéal amhail Meitreo Thuaidh
- Déileáil le héadálacha agus diúscairtí réadmhaoin na Comhairle, lena n-áirítear:
    - comhaontuithe/ceadúnais le clubanna agus ionaid pobail
    - léasanna tráchtála shuíomhanna tionsclaíocha na Comhairle
    - tiomnú ar spásanna oscailte
    - ceannach amach cothromais
    - céadchlárúcháin
    - iasachtaí agus morgáistí
    - úinéireacht roinnte
    - ceannacháin a dhéanann tionóntaí faoi na scéimeanna díolacháin
    - scéimeanna deonacha tithíochta

- Cásanna a thionscnamh agus a chosaint sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda, san Ard-Chúirt, sa Chúirt Tráchtála agus sa Chúirt Uachtarach:
    - sáruithe conartha
    - díospóidí i ndáil le talamh
    - bailiú fiach lena n-áirítear bailiú rátaí, breithiúnais, morgáistí breithiúnais agus urghairí,
    - éilimh dliteanais fostóirí
    - athshealbhú toisc gan cíos/morgáiste a íoc nó toisc iompraíochta frithshóisialta,
    - urghairí faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt
    - imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh
    - imeachtaí sa Chúirt Dúiche ar bhonn seachtainiúil i ndáil le cionta bruscair, cionta pleanála, rialú madraí, truailliú aeir, fodhlíthe maidir le substaintí meisciúla, cúrsaí tithíochta agus toghairm rátaí
    - dlíthíocht maidir le gortú pearsanta
    - foghail agus núis.

Rinneadh athbhreithniú agus cur i bhfeidhm ar chóras bainistithe cásdlí na roinne sa bhliain 2012, agus bhí sin ina bhealach maith chun rátaí a phróiseáil agus chun tabhairt faoi bhearta forfheidhmiúcháin.

# Rannán Leabharlanna

Déantar Seirbhís Leabharlainne Fhine Gall a fheidhmiú trí 9 gcinn de chraobhleabharlanna, trí rannóg Staidéir Áitiúil agus Cartlainne agus trí sheirbhís fón póca/do dhaoine gafa sa teach. D'ardaigh líon na ndaoine cláraithe ina mbaill de leabharlanna Fhine Gall faoi 24.3% ó bhí 2010 ann, agus tá seo ina léiriú ar an tábhacht a shamhlaíonn an pobal leis na leabharlanna.

Ar an meán tagann 1,409 duine trí dhoirse na leabharlann, ag sroicheadh 2,000 go minic nuair a bhíonn scrúduithe ar siúl. Tá Baile Bhlainéir ar an leabharlann phoiblí is gnóthaí agus is mó sa tír. Tugann baill den tseirbhís fóin póca/daoine gafa sa teach cuairt ar 196 áit ar fud na tíre ar bhonn rialta. I gcás 78% de na hidirbhearta a tharlaíonn i 5 cinn dár gcraobhleabharlanna déantar iad ag baint úsáide as an teicneolaíocht féinseirbhíse RFID. I leabharlann Bhaile Bhlainséir féadfaidh an figiúr sin a bheith ag beagnach 90% ar laethanta ar leith. Chuir úsáid na teicneolaíochta seo feabhas ar an tseirbhís agus chuidigh leis an bpobal bainistiú a dhéanamh ar a n-idirbhearta leabharlainne.

**Straitéis Litearthachta**

Bíonn an tSeirbhís Leabharlann in ann dul i ngleic le saincheisteanna a eascraíonn ó litearthacht an teaghlaigh. Tá páirt ag Barnardos, creiseanna pobail, oifigigh teagmhála baile scoile agus an phobail, Lifestart, an Coiste Gairmoideachais agus an Institiúid Teicneolaíochta i mBaile Bhlainséir inár straitéis athnuaite a thosaigh sa bhliain 2012. Breithníodh réimsí sa bhliain 2012 ina bhféadfaí tabhairt faoi ghníomhú tábhachtach a d'áirigh soláthar modúil litearthachta i Leabharlann Bhaile Bhlainséir i gcomhar leis an gCoiste Gairmoideachais, bunú clubanna leabhar do naíonáin agus comhthionscadal i staidéir luathlitearthachta le ITB.

**Seirbhísí Nua**

Sa bhliain 2012 seoladh raon spreagúil nua de sheirbhísí ar líne atá saor in aisce: leabhair leictreonacha lena n-áirítear raon leathan de leabhair shárdhíola le híoslódáil chuig an iPod, Sony Reader agus gléasanna eile; Universal Class ag soláthar foghlama ar líne sna healaíona agus sa cheol, ríomhairí agus teicneolaíocht agus i roinnt mhaith ábhar eile; agus seirbhís irisleabhair ar líne mar ar féidir le léitheoirí na hirisleabhair nósanna maireachtála agus spéiseanna pearsanta is ansa leo a íoslódáil.
Tugadh isteach seirbhís teachtaireachta SMS sa bhliain 2012 a thugann foláireamh d'iasachtóirí go bhfuil míreanna leabharlainne le tabhairt ar ais acu nó go bhfuil míreanna curtha in áirithe acu. Cuireadh seirbhís WIFI saor in aisce ar fáil i mBaile Brigín, i mBaile Dúill, i mBaile Bhlainséir, sa Ros, sna Sceirí agus i Sord.

**Imeachtaí**

Reáchtáladh breis is 4,000 imeacht i Leabharlanna Fhine Gall le linn 2012 ag freastal ar gach aoisghrúpa agus ar raon leathan spéiseanna. I measc na mbuaicphointí bhí an seó "Dickens in Dublin" a chuir aisteoir aonair ar stáitse mar cheiliúradh ar bhreith Charles Dickens agus sraith léachtaí agus cuairteanna údair do chomóradh 100 bliain ar chéad-aistear an Titanic. I measc na gcomhoibrithe nua for-rochtana bhí sraith ceardlann do leanaí le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus ceardlanna le Músaem Priontaí an hÉireann maidir le déanamh leabhar agus déanamh hataí. Reáchtáladh seimineáir ar chuardach poist i roinnt de na craobhleabharlanna agus bhí tinreamh an-mhaith ag an ócáid sin.





**Writing 3.0**
D'oibrigh Leabharlanna Fhine Gall agus Oifig Ealaíon Fhine Gall i gcomhar lena chéile athuair sa bhliain 2012 chun óstáil a dhéanamh ar fhéile bhliantúil scríbhneoirí Fhine Gall. Reáchtáladh imeachtaí i leabharlanna, Draíocht, in Ionad Ealaíon Seamus Ennis, Farmleigh, Seomra na Comhairle i Sord agus i gCaisleán Mhullach Íde. I measc na n-imeachtaí bhí léamh le Joseph O'Connor; scríobh amhrán le Mick Hanly; "From script to screen" le Sarah Dillon, Bord Scannán na hÉireann agus Terry McMahon, scannánóir agus stiúrthóir; Oíche Mic Oscailte le Dave Lordan agus Colm Keegan; agus ócáid seolta a bhuíochas le Stinging Fly Press.

**Europe Direct**
Is é atá san Ionad Europe Direct i Leabharlanna Bhaile Bhlainséir ná nasc áitiúil leis an Eoraip do shaoránaigh Fhine Gall. San Ionad seo bíonn imeachtaí téamacha agus cuirtear eolas agus comhairle ar fáil ann don phobal maidir le gach gné den AE, agus is fóram é don phlé agus don chaidreamh. Buaicphointe na bliana ba ea imeacht díospóireachta "Ardán Cainte" a reáchtáladh i Leabharlann Bhaile Bhlainéir faoi chathaoirleacht an FPE Paul Murphy. Chomh maith leis sin, d'óstáil Europe Direct an taispeántas "Birch Bark Letters of Siberia" i gcomhar le hAmbasáid Phoblacht Laitvia i mí an Mheithimh 2012.

**Staidéir Áitiúla agus Cartlainne**
Sheol Staidéir Áitiúla agus Cartlainne 2 fhoilseachán le linn 2012 2012: **'Fingal Studies, Early Fingal Entrepreneurs'** faoi ghníomhaíocht fiontraíochta san 18ú i bhFine Gall, agus **'Fingal Sporting Heroes'** le hiar-Leabharlannaí Contae, Paul Harris. Mar chuid dá chlár oideachais, d'óstáil sé léacht **Royal Dublin Fusiliers and World War 1** a raibh an taispeántas **Hely-Hutchinson's in World War 1** ar siúl i gcomhthráth leis. Ócáid eile a raibh móréileamh air ná seoladh **Olympics Exhibition** le haoi speisialta Harry Boland a bhí ina iomaitheoir in Oilimpeacha Londain sa bhliain 1948. Cuireadh tús le clár digitithe sa bhliain 2012, agus mar thoradh air sin cuireadh Stair ó Bhéal agus bailiúcháin Cártaí Poist ar fáil ar líne.

I measc na hoibre eile a bhí ar bun ar bhonn leanúnach le linn 2012 bhí athcheangal ar Mhórleabhair Shaothraithe Iostáin Chomhairle Contae Átha Cliath, seoladh mhiontuairiscí Choimisinéirí Baile Bhaile Brigín agus cruthú Beartais maidir le Bainistiú Sonraí agus Taifid do Chomhairle Contae Fhine Gall.

| | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Míreanna a fuarthas ar iasacht | 1,192,968 | 1,272,135 | 1,229,879 |
| Baill Chláraithe | 160,308 | 145,325 | 129,020 |
| Uaireanta Úsáide Idirlín | 134,734 | 127,697 | 112,753 |
| Cuairteanna suímh gréasáin | 70,709 | 50,831 | 42,942 |
| Meánlíon uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha | 47.94 | 49 | 49 |
| Meánlíon uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirtaimseartha (i gcás go bhfuil sin infheidhmithe) | 23 | 17 | 23 |
| Líon na mball cláraithe leabharlainne mar % den daonra áitiúil (Daonáireamh 2011) | 58.51% | 53.22% | 53.80% |
| Líon na míreanna eisithe in aghaidh an duine den daonra (ar fud na tíre) i gcomhair na míreanna seo: | | | |
| (a) Leabhair | 3.150 | 3.58 | 3.97 |
| (b) Míreanna eile | 1.204 | 1.08 | 1.16 |
| (c) Iomlán: Leabhair móide Míreanna Eile | 4.354 | 4.66 | 5.13 |
| % de Leabharlanna a chuireann rochtain idirlín ar fáil don phobal | 100% | 100% | 100% |
| Líon na seisiún idirlín a chuirtear ar fáil in aghaidh an 1000 duine den daonra | 493.53 | 467.75 | 470.71 |
| Caiteachas ón gciste leabhar in aghaidh an duine | 2.37 | 3.12 | 4.15 |
| Cuairteanna a thug an pobal ar Leabharlanna Fhine Gall | 1,232,394 | 1,234,807 | 1,043,983 |



# Roinn na nOibríochtaí

Tá Roinn na nOibríochtaí comhdhéanta den chuid is mó d'fheidhmeanna na Roinne Iompair a bhíonn ag plé chomh maith le spásanna oscailte agus páirceanna, tírdhreachú, cothabháil crann agus bailiú bruscair i ngach ceantar poiblí. Cuimsithe ansin tá freagracht as tránna, cuanta agus leithris phoiblí.

Cuireann an cónascadh feidhmeanna, a bhí deighilte cheana, deiseanna ar fáil chun cláir oibreacha a fhorbairt atá ar aon dul leis na gníomhaíochtaí sceidealaithe, bunaithe ar an bhféilire, atá ann de ghnáth agus cuireann sin ar ár gcumas leithdháiltí d'acmhainní daonchumhachta a dhéanamh ar shlí níos solúbtha ná mar arbh fhéidir roimhe.

## IOMPAR

Tá Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as bainistíocht agus gluaiseacht daoine, feithiclí, ainmhithe agus earraí ar bhealach sábháilte, éifeachtúil, agus costéifeachtach ó áit go háit i bhFine Gall tríd an gcóras líonra bóithre.

Na príomhphíosaí den reachtaíocht cumasúcháin ná:

- Acht na mBóithre 1993 - 2007
- Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2008
- Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt) 2000 – 2011.

### An Próiseas Iompair/An Raon Seirbhísí

Cuirtear raon leathan seirbhísí ar fáil, feabhas, cothabháil agus soilsiú na mbóithre reatha, cur i bhfeidhm na mbeart bainistíochta tráchta agus feidhmiú na rannóg sábháilteachta bóithre agus seirbhís mhaoirseachta scoile. Bíonn Roinn na nOibríochtaí mar ghníomhaire don Údarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) maidir le bainistíocht an Líonra Náisiúnta Bóithre a chuimsíonn bealaí an M1, M2 agus N3 i bhFine Gall. Tá an Roinn freagrach chomh maith as bheith i bhfeighil ar bhóithre nua, dúnadh sealadach agus buan ar bhóithre, cruthú fodhlíthe maidir le bóithre agus ceantair ábhartha (e.g. teorainneacha luais, áiteanna páirceála etc.)

**Trácht**

Déileáiltear le raon leathan mórcheisteanna rialaithe tráchta, pleanála tráchta agus bainistíochta tráchta;



- Bainistiú ar Éileamh Turasóireachta, agus an bunphrionsabal a ghabhann leis sin ná modhanna malartacha a aimsiú in áit an ghluaisteáin, i.e. áiseanna feabhsaithe don iompar poiblí, pleanáil líonraí siúlóide agus rothaíochta, pleananna bainistíochta rothaíochta agus soghluaisteachta etc.
- Soláthar agus cothabháil ar chomharthaí tráchta
- Comharthaíocht agus marcáil bóthair do líonra bóithre
- Feabhais ar líonraí siúlóide agus rothaíochta, nuair atá mar chuspóir feabhas a chur ar shábháilteacht choisithe agus rothaithe, brú tráchta a laghdú, inrochtaineacht a fheabhsú d'úsáideoirí bóithre atá faoi mhíchumas gluaiseachta, agus páirceáil a bhainistiú go héifeachtach
- Na feabhais ar an líonra bus a éascú i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)
- Is éard is Smarter Travel ann ná beartas an Rialtais don iompair in Éirinn. "Smarter Travel, "A Sustainable Transport Future, A New Transport Policy for Ireland 2009-2020", tacaithe ag an "gCéad Chreat Rothaíochta Náisiúnta in Éirinn", agus aidhm an tionscadail seo ná bealaí a fhorbairt le modhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn, an rothaíocht go háirithe
- Sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

| Gnéithe Tráchta sa bhliain 2012 | Sonraí |
|---|---|
| Comharthaí Tráchta<br>Comharthaí do Choisithe<br>Trasrianta Túcánacha | 100 (94 ar an gCianchóras Monatóireachta)<br>86 (82 ar an gCianchóras Monatóireachta)<br>27 (24 ar an gCianchóras Monatóireachta) |
| Comharthaí Rabhaidh Scoile<br>Trasrianta Síogacha | 23<br>3 |
| Geataí Bus<br>Léitheoirí Luais / comharthaí gníomhachtaithe ag feithiclí | 1<br>13 |

**Tionscadal Iompair Inbhuanaithe**
Sa bhliain 2012, tugadh na tionscadail seo a leanas chun cinn:

- Tá an obair scéime i mBainistíocht Tráchta Lusca le bheith curtha i gcrích faoi lár 2013
- Cuireadh dearadh mionsonraithe de scéim rothaíochta don cheantar Ongar/Teach Chainnigh de Bhaile Bhlainséir i gcrích agus tá tógáil beartaithe do lár 2013
- Cuireadh 2 thrasrian coisithe nua ar fáil i gCaisleán an Churraigh, Mullach Eadrad agus ag Coill na nÚll, Sord agus cuireadh soilse tráchta nua ar fáil ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Faiche an Mhargaidh i mBaile Brigín.
- Cuireadh feabhas ar an líonra cosán timpeall an chontae ag Bóthar Bhaile Lotrail, BÁC 15, Bóthar Thobar Muire BÁC 15, Bóthar na Ráithe Móire Lusca, na Sceirí, Séipéal Chionn Sáile agus Bóthar an Choincéir i gCill Fhionntain
- Cuireadh Staidéar Indéantachta i gcrích do Bhealach Glas timpeall na Cánalach Ríoga laistigh de cheantar Riaracháin Fhine Gall.



**Íoc agus Taispeáin**
Leanadh d'oibriú éifeachtach na Scéimeanna Íoc agus Taispeáin do bhailte Mhullach Íde, Baile Brigín, na Sceirí, Sord agus an Ros. Tugadh scéim nua isteach ag Cluain Saileach / Geata an Phóirtéaraigh i rith na bliana.

**Cothabháil Bóithre**
Reáchtáil Roinn na nOibríochtaí a bhí ag oibriú ó Iostaí ag Baile Brigín, Sord agus Cúil Mhín Clár Oibreacha suntasach le linn 2012 inar tharla oibreacha san athdhromchlú, cóiriú dromchla, treisiú, draenáil agus tuillte, ceartú ar lochtanna a d'eascair as caitheamh agus cuimilt agus deisiúcháin ar linntreoga ar na bóithre sa chontae a bhfuil an gá deisithe is mó ag baint leo. Tá cothabháil geimhridh mar pháirt shofaisticiúil agus lárnach den chlár oibreacha, a mhaireann ó thús mhí na Samhna go deireadh mhí Aibreáin. Reáchtáladh córas Mapála Teirmigh ar an bpríomhlíonra bóithre agus, bunaithe ar léamha ó stáisiúin aimsire atá lonnaithe go straitéiseach ar na bealaí, a chuirtear isteach ansin i gcóras ríomhaireachta, déanann an t-údarás áitiúil sailleadh / leathadh grin dá réir.

**Bainistíocht ar an bhFlít agus Cíos ar Ghléasra**
Déanann an Roinn Bainistíochta Flít agus Cíosa Gléasra (BFCG) bainistiú anois ar an bhflít agus ar na riachtanais feithicle agus cíosa gléasra do Chomhairle Contae Fhine Gall chomh maith. Sa bhliain 2012 bhí BFCG ag déanamh bainistithe ar fhlít, ar leis an gcomhairle iad, de 380 feithicil agus gléasra agus phróiseáil siad 590 iarratas ar ghléasra a thógáil ar cíos.

**An Rannóg Soilsithe Phoiblí**
Le linn 2012, rinne an Roinn Soilsithe Phoiblí bainistiú ar chothabháil 32,386 solas ar fud Fhine Gall.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**
Bainistíonn Roinn na nOibríochtaí an tSeirbhís Maoirseachta Scoile. Líon iomlán na Maor Scoile i rith 2012 ná 95 maor lánaimseartha agus 43 maor cúltaca. Tá bainistiú agus cothabháil na Seirbhíse Maoirseachta Scoile ina ghné thábhachtach den Chlár Sábháilteachta Bóithre agus soláthraíodh seo le linn 2012 trí:




- Oiliúint, maoirseacht agus riarachán ar Mhaoir Scoile (ar daoine fásta iad)
- Oiliúint agus maoirseacht ar dhaltaí a bhí bainteach leis an tseirbhís maoirseachta scoile shóisearach
- Cothabháil agus caomhnú ar mharcanna péinte do thrasrianta scoile
- Iniúchadh agus cothabháil ar throscán sráide agus comharthaí ag trasrianta scoile
- A chinntiú go raibh gach trasrian ag comhlíonadh na riachtanas reachtaíochta agus an dea-chleachtais

Leanadh le Sábháilteacht Bóithre sa Chontae le linn 2012 ar na bealaí seo:

- Soláthar ábhar eolais/feachtais, bileog faisnéise, bandaí muinchille, rialóirí agus peann luaidhe ar a raibh an teachtaireacht sábháilteachta
- Cúrsa oiliúna do rothaithe
- Cainteanna oideachasúla i scoileanna
- Cúrsa oiliúna do mhaoir scoile shóisearacha
- Seachtain na Sábháilteachta ar Bhóithre, An Lá Siúlóide Chun na Scoile
- An taispeántas 'Road Safe' in Amharclann an Helix do dhaltaí idirbhliana
- Bealaí sábháilte go scoileanna a chur chun cinn agus cur chuige ilghníomhaireachta siúlóide/bus
- Maidineacha 'Rothaigh don Bhricfeasta' i scoileanna
- Ócáidí rothaíochta i rith na Seachtaine Sábháilteachta Pobail
- Laethanta RDC (Rothaigh Dé Céadaoin) agus SDC (Siúil Dé Céadaoin) i rith na Seachtaine Glaise

**Príomh-Staitisticí**

| Fad Bhóithre in aghaidh catagóire | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Bóithre Náisiúnta le Mótarbhealaí san áireamh | 60km | 60km | 60km |
| Bóithre Réigiúnacha | 225km | 225km | 225km |
| Bóithre Áitiúla | 1026km | 1019km | 1002km |

**Léiritheoirí Seirbhíse**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon ciliméadar na mBóithre áitiúla agus réigiúnacha a feabhsaíodh agus a a ndearnadh cothabháil orthu faoin gClár athnuachana in aghaidh na bliana | | 29km | |
| Líon ciliméadar na mBóithre áitiúla agus réigiúnacha a tógadh faoin scéim deontais feabhsúcháin in aghaidh na bliana | | 0km | |

**Riarachán**

Cuireann an Roinn Riaracháin Cruinnithe Coiste Ceantair ar fáil do cheantair Bhinn Éadair/ Mhullach Íde/Chaisleán Cnucha/Mhullach Eadrad agus Bhaile Brigín/Sord ar bhonn míosúil.

| Dhéileáil an Roinn Riaracháin chomh maith leo seo: | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar Chead Slí/Cumarsáid, Iarratais Cheada do Bhóithre a Oscailt | 385 | 328 | 393 |
| Iarratais ar Dhúnadh Sealadach Bóithre | 36 | 39 | 31 |
| Teastais 'Tóg i gCúram' | 413 | 329 | 357 |
| Iarratais ar Cheadúnais d'Ualach Neamhghnách | 313 | 331 | 417 |

## COMHSHAOL

**Tránna & Uisce Snámha**
Tá 48 ciliméadar cósta i bhFine Gall. Tá 10 dtrá sHainithe ann a chuireann áiseanna áineasa tábhachtacha ar fáil sa Chontae sna háiteanna seo a leanas.

- Baile Brigín, Deisceart na Sceirí, Loch Sionnaigh, Deisceart an Rois, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhionntain (Bóthar an Choincéir) agus Claremont, Binn Éadair.

Fostaíodh 36 garda tarrthála ag 10 dtrá ó mhí an Mheithimh go deireadh Lúnasa 2012. De bhreis ar bheith ag glanadh na dtránna agus áiseanna rochtana a sholáthar, déanaimid monatóireacht rialta ar shamplaí den uisce mara chun a chinntiú go gcomhlíonaimid na riachtanais maidir le Cáilíocht Uisce Snámha.



I measc na mBuaicphointí sa bhliain 2012 bhí siad seo:

- Bronnadh Brat Gorm ar Phot Mearnóg, Domhnach Bat, Port Reachrann agus Deisceart na Sceirí
- Dámhachtainí Cósta Glas bronnta ar 5 thrá – Port Mearnóg, Mullach Íde, Domhnach Bat, Port Reachrann agus Deisceart na Sceirí.

## Cuanta



Déanann Rannóg na nOibríochtaí bainistiú agus cothabháil ar roinnt cuanta agus céanna sa Chontae ag Baile Brigín, na Sceirí, An Ros, Loch Sionnaigh agus Fánán Mhullach Íde. Mar pháirt den Chlár Forbartha do bhonneagar Iascaigh, Cuain agus Cósta 2012 thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí páirtmhaoiniú d'oibreacha feabhsúcháin leis an gComhairle ag tabhairt an airgid chomhardaithe, agus i measc na n-oibreacha sin bhí:

- Méadú ar an ardán rádail os cionn na hUas-Taoide Réalteolaíoch (HAT), ráillí cruaiche agus dréimire curtha ar fáil ag Cuan an Rois
- Deisiúchán ar phíleáil mhiotail agus coincréit curtha faoin deicre chun bearnaí a líonadh agus gardaíocht nua ag an leathnú cuain ag Cuan na Sceirí
- Athphointeáil ar 375m do bhalla cuain ag Cuan Bhaile Brigín
- Scartáil ar sheid, baint cloch guaiseach ón uisce, baoi seoltóireachta curtha isteach ag Loch Sionnaigh

## Reiligí

Tá 35 reilig á gcothabháil ag Comhairle Contae Fhine Gall. Osclaíodh reilig nua go hoifigiúil ag Baile an Phléimeannaigh, Baile Brigín ar 3 Bealtaine 2012.

## Leithris Phoiblí

Cothabháil ar 15 leithreas phoiblí – 7 gcinn acu oscailte don bhliain ar fad agus 8 oscailte i rith na míonna samhraidh.

## PÁIRCEANNA



Tá Roinn na nOibríochtaí freagrach go príomha as pleanáil, bainistíocht agus cothabháil thart ar 2500 acra (1012Ha.) de spás oscailte poiblí i bhFine Gall. Bainistíonn an Roinn páirceanna áitiúla agus áiseanna spóirt ar fud an Chontae.

Cuireann an Roinn deiseanna áineasa suntasacha ar fáil don lucht cónaithe i bhFine Gall agus do chuairteoirí araon. Déanann sí cothabháil chomh maith ar thart ar 140 acra (57Ha) d'fhéar cois bóthai, na limistéir teorann den chuid is mó den líonra mótarbhealaí sa Chontae.

- Déanann Roinn na nOibríochtaí cothabháil ar 33 clós súgartha i suíomhanna ar leith ar fud Fhine Gall.
- Rinneadh cothabháil ar 168 clós imeartha do raon spórt éagsúil, ina measc: Iománaíocht, Camógaíocht, Haca, Peil Ghaelach, Sacar, Rugbaí agus Peil Mheiriceánach.
- Tá 8 bpáirc uile-aimsire ar fáil i mBaile Brigín, na Sceirí, Gleann na hAbhann, Baile Anraí, Baile an Hartaigh, Mullach Eadrad, An Chorr Dhubh agus Mullach Íde.
- Tá páirceanna cruicéid ar fáil i nDiméin Mhullach Íde, agus Páirc an Bhaile, Baile Brigín, agus tá líne chruicéid ann i mBaile an Phóirtéaraigh agus Lána an Bharraigh
- Tá 12 Limistéar Cluichíochta ilúsáide ar fáil ar fud an Chontae.
- Déanann Roinn na nOibríochtaí cothabháil ar 2 pháirc scátála i mBaile Anraí, Sord agus i bPáirc na Mílaoise, Baile Bhlainséir.
- Tá cúirteanna leadóige ann i Mullach Íde, sa Tobar Naofa, Sord, Baile an Ridire, Na Sceirí, Lusca, Coill na hAbhann agus Caisleán Cnucha.
- Tá Faiche Bollaí á riar ag Club Babhlála na Sceirí atá ag feidhmiú i bPáirc an Bhaile, na Sceirí

De bhreis air sin, bhí Roinn na nOibríochtaí páirteach go gníomhach iontu seo a leanas:

- Seachtain Náisiúnta na gCrann agus Lá Náisiúnta na gCrann, ócáidí a eagraíodh i mí Márta le comhoibriú leantach ó scoileanna áitiúla agus Comhairle Crann na hÉireann.
- Reáchtáladh an clár bliantúil de chur crann agus tor, ceapacha séasúracha agus plandaithe agus cothabhála crann sráide chomh maith.
- Soláthar Crann Nollag ag 16 shuíomh agus áiseanna Athchúrsála Crann Nollag ar fud an chontae.

# Pleanáil & Bonneagar Straitéiseach

## BONNEAGAR STRAITÉISEACH

### Draenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Thosaigh tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (DMCBÁC) go hoifigiúil ar 14 Márta 2011.

Príomhchuspóir an tionscadail DMCBÁC ná réiteach draenála fadtéarmach a thabhairt tríd an gcéim phleanála, réiteach a thabharfaidh aghaidh ar fhorbairt reatha agus todhchaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá an tionscadal á bhainistiú ag Fine Gall thar ceann Chomhairle Contae na Mí, Cill Dara, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin agus Comhairlí Contae Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an DMCBÁC stiúrtha ag Coiste Stiúrtha tionscadail, ina bhfuil baill tógtha as na 6 údarás áitiúla agus as an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cuimseofar seo a leanas sa DMCBÁC:

- Soláthar Ionad Cóireála Fuíolluisce réigiúnach (ICFU) agus láthair sceite gaolmhar agus
- Soláthar Cuar-Chórais Draenála (CCD) a nascann an ICFU Réigiúnach leis an líonra séarach réigiúnach reatha agus soláthar nasc amach anseo do cheantair fhorbartha aitheanta laistigh den dobharcheantar.

Iad seo leanas na Sainchomhairleoirí tionscadail:
- Jacobs/Tobin – Sainchomhairleoirí Teicniúla
- RPS Communications - Sainchomhairleoirí Cumarsáide.

I measc phríomhthorthaí 2012:
- Foilsiú na Tuarascála ***Alternative Sites Assessment and Route Selection (Phase 2): Emerging Preferred Sites and Routes*** a aithníonn trí rogha suímh féideartha
- Foilsiú an ***ASA Methodology Report,*** a leagann amach an cur chuige úsáidte chun na roghanna suímh a aimsiú
- Suirbhéanna éiceolaíocha bonnlíne reáchtáilte maidir le suíomhanna roghnaithe, ina measc bhí fionnuiscí, éiceolaíocht talún, éin mhuirí agus phórúcháin
- Roinnt suirbhéanna/staidéir eile a reáchtáladh ná cinn ar oidhreacht ailtireachta, agranamíocht, oidhreacht chultúrtha, ithreacha agus geolaíocht, trácht, tírdhreach, torann agus creathadh, bolaithe, innealtóireacht etc.
- Foilsiú an ***Public Consultation Report on the 'Alternative Sites Assessment and Route Selection (Phase 2): Emerging Preferred Sites and Routes Report'*** a mhúscail thart ar 6,000 aighneacht
- Nuashonrú leanúnach ar Chomhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairlí Contae na Mí & Chill Dara agus cruinnithe le roinnt páirtithe leasmhara ar leith – go háirithe úinéirí talún agus grúpaí pobail
- Comhpháirtíocht le roinnt fo-shainchomhairleoirí agus fo-shainchonraitheoirí chun imscrúdaithe mionsonraithe a dhéanann ar na suíomhanna roghnaithe
- Bailiú sonraí, ina bhfuil cuimsithe cruinnithe leantacha le comhlachtaí reachtúla agus páirtithe leasmhara

(Nóta: féach ar shuíomh gréasáin an tionscadail ag: **www.greaterdublindrainage.ie**).

## DEARADH, TÓGÁIL AGUS RIALÚ PLEANÁLA DO BHÓITHRE

Cuireadh obair i gcrích sna scéimeanna seo a leanas i rith 2012.

- Scéim Feabhsúcháin ar Chrois an Bharda
- Bóthar Ceangail Bhaile an Phóirtéaraigh
- Tógáil droichid ag Mullach Eadrad

Bronnadh na conarthaí seo a leanas i gcás tógáil Bóithre

- Scéim feabhsúcháin Bóithre ag Gort an Mhuilinn, Bóthar na hAille, Baile Brigín,
- Uasghrádú Acomhail ag Mullach Eadrad.

Bhronn an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an tÚdarás Iompair Náisiúnta maoiniú chun cur le costais na scéimeanna thuasluaite.

Fuarthas faomhadh Chuid 8 do sholáthar Bhóthar Ceangail an Tobair Naofa agus Nasc Siúil an Tobair Naofa. Fuarthas faomhadh Chuid 8 chomh maith do Bhóthar Ceangail Chaisleán Mhílís, Baile Brigín

Cuimsithe san obair leantach atá ar siúl tá measúnú ar mhórcheisteanna iompair agus moltaí a sholáthar don Plean Forbartha Contae agus na Pleananna Ceantar Áitiúil ábhartha. Reáchtáladh measúnú ar impleachtaí na n-iarratas pleanála chomh maith.



1D2O0809



## SEIRBHÍSÍ UISCE – AN ROINN BAINISTÍOCHTA FORBARTHA

Tugann an riubb bainistíochta forbartha comhairle maidir leis na riachtanais uisce, fuíolluisce agus uisce dromchla atá ann do gach iarratas pleanála a thagann isteach, lena n-áirítear iarratais ar eolas breise a fháil. De bhreis air sin, faomhann an roinn comhlíonadh maidir le coinníollacha pleanála, déanann measúnú agus teistiú ar láithreacha sceite agus déanann imscrúdú ar chóireáil fuíolluisce nua ar an láthair do thithe aonair.

I measc na ngníomhaíochtaí i rith 2012 bhí:

- Próiseáil ar 515 Iarratas Pleanála (lena n-áirítear iarratais ar tuilleadh eolais agus ar leathnú aga)
- Cruinnithe a réamh-eagrú le hiarratasóirí ionchais
- Comhairle ó Sheirbhísí Uisce curtha ar fáil do Pleananna Ceantar Áitiúil ag Taobh an Aerfoirt, Baile an Dairdisigh, Baile Dúill/Steach Póilín, Deisceart Phort Mearnóg, Baile an Rólaigh, Cill Mhártain, Ráth Aingil
- Freagra tugtha ar achomhairc leis an mBord Pleanála, faoi mar a éilítear
- Teagmháil déanta maidir le tionscadail Bonneagair Straitéisigh
- Cur i bhfeidhm na dTreoirlínte do 'Chóras Pleanála agus Bainistíochta Riosca Tuillte' d'Údaráis áitiúla ó mhí na Samhna 2009
- Imscrúduithe ar chóireáil fuíolluisce agus freagairt do scaoileadh nasc ag 101 suíomh.
- Cód Cleachtais an GCC curtha i bhfeidhm maidir le "Cóireáil Fuíolluisce agus Córais Diúscartha atá i bhfeidhm i dTithe Aonair" (Deireadh Fómhair 2009)
- Cur i bhfeidhm an "Chóid Chleachtais Réigiúnaigh d'Oibreacha Draenála Leagan 6.0" Comhairle Contae Fhine Gall, Aibreán 2006
- Cur i bhfeidhm na "dTreoirlínte do Sholáthar Uisce Óil", CCFG Feabhra 2009, Athbhreithniú.

**IARRATAIS PHLEANÁLA**
Líon na n-iarratas pleanála a fuarthas ná 897 (74 acu fógartha mar neamhbhailí). Is ionann seo agus laghdú de 6% ar an bhfigiúr ó 2011 de 958.

**IARRATAIS AR BHONNEAGAR STRAITÉISEACH**
Le linn na bliana cuireadh an tIarratas Pleanála ar Bhonneagar Straitéiseach do bhliain a haon isteach chuig an mBord Pleanála do Thionscadal Treisithe 220 kV Cholbha Thuaidh Bhaile Átha Cliath sna bailte fearainn Belcamp agus Cluain Seach do Eirgrid. Níor thángthas ar aon chinneadh faoi dheireadh na bliana.

**TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA**

| Táscairí Feidhmíochta | **2012** | **2011** | **2010** |
|---|---:|---:|---:|
| Iarratais Nua Cláraithe | 897 (74 neamhbhailí) | 958 (102 neamhbhailí) | 1192 (162 neamhbhailí) |
| Líon na nIarratas Cinntithe | 849 | 905 | 1103 |
| % na nDeontas | 89% | 88% | 83% |
| % na nDiúltaithe | 11% | 12% | 17% |
| % Cinntithe laistigh de 2 mhí | 73% | 67% | 70% |
| Líon na n-iarratas A faighte | 567 (56 neamhbhailí) | 605 (72 neamhbhailí) | 747 (118 neamhbhailí) |
| Líon na n-iarratas B faighte | 330 (18 neamhbhailí) | 353 (30 neamhbhailí) | 445 (44 neamhbhailí) |

**Bannaí & Ranníocaíochtaí**
Alt 48 de na Scéimeanna Ranníocaíochtaí Forbartha – Achtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 - 2011.

Bailíodh €4.4 milliún faoi na Scéimeanna sa bhliain 2012. Déantar monatóireacht, aontú agus athbhreithniú ar íocaíochtaí agus ar shocruithe íocaíochta céimseacha. Eisíodh 50 Litir Rabhaidh sa bhliain 2012 do neamh-íoc ranníocaíochtaí forbartha ónar eascair imeachtaí dlí i 17 gcás, le thart ar €0.5 milliún mar chostas.

**Rialú Foirgníochta**
Fuarthas iomlán de 133 iarratas do Dheimhniúcháin Sábháilteachta Dóiteáin sa bhliain 2012, agus déileáladh leo ar fad. Fuarthas 42 Fógra Seacht Lá, 4 Dheimhniú Dóiteáin Athbhreithnithe agus 7 nDeimhniú Tabhartha Chun Rialtachta. Fuarthas 140 iarratas ar Dheimhniúcháin Rochtana Míchumais chomh maith.

Cuireadh isteach iomlán de 327 Fógra um Thosach Feidhme. Faomhadh Scéimeanna Ainmnithe Bóithre & Uimhrithe i gcás 2 Scéim/tionscadal.

## *BONNEAGAR STRAITÉISEACH*

### PLEAN FORBARTHA 2011-2017

Tá ullmhú Phlean Forbartha Fhine Gall ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá ag Comhairle Contae. Cuireann an plean creat straitéiseach ar fáil do gach forbairt nua sa Chontae thar tréimhse an phlean, do chosaint agus leasú chonláistí an Chontae, agus do chomhordú maidir le soláthar bonneagair le húsáid talún reatha agus úsáid talún amach anseo.

Tá an Plean i bhfeidhm anois le thart ar dhá bhliain agus, dá bharr, tá an t-údarás pleanála ag obair ar bhonn lá go lá chun na céimeanna is féidir leis a ghlacadh chun cuspóirí an phlean forbartha a bhaint amach. Cuirfear tuarascáil ar dul chun cinn ar fáil faoi Aibreán 2013.

I measc na bpríomhchuspóirí den Phlean Forbartha atá soláthraithe ag an údarás pleanála go dtí seo tá ullmhú sraith Pleananna Limistéir Áitiúil (PLÁ) faoi mar a léirítear thíos, beartais a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm ár líonra bonneagair ghlais (lena n-áirítear ullmhú Straitéise do Spásanna Oscailte, líonra siúil agus rothaíochta Fhine Gall a chur chun cinn etc.), agus dul chun cinn suntasach san athbhreithniú ar Thaifead an Chontae de Struchtúir atá faoi Chosaint (a chuirfear ar taispeáint go poiblí le linn 2013.

**Pleananna Limistéir Áitiúil**
Seo a leanas na Pleananna Limistéir Áitiúil ar Ghlac an Chomhairle leo sa bhliain 2012:

| | |
|---|---|
| Baile Uí Bheaglaíoch | Glacadh leis 11 Meitheamh, 2012 |
| An Seanbhaile | Glacadh leis 11 Meitheamh, 2012 |
| Cherryhound | Glacadh leis 10 Nollaig, 2012 |
| Baile an Dairdisigh | Glacadh leis 10 Nollaig, 2012 |

Tosaíodh ar roinnt Phleananna Limistéir Áitiúil le linn 2012 agus tosaíodh ar ullmhú ag taispeáint phoiblí PLÁanna le linn 2012, ag leanúint ar aghaidh go luath sa bhliain 2013, agus iad seo a leanas na háiteanna inar tharla amhlaidh:

PLÁ Bhaile Dúill-Steach Póilín
PLÁ Dheisceart Phort Mearnóg
PLÁ Chill Mhártain
PLÁ Dhomhnach Bat
PLÁ Bhaile an Rólaigh
PLÁ Mhóinéar na hAbhann

An dúshlán atá ann don údarás pleanála agus iad i mbun ullmhaithe ar na PLÁanna nua ná léiriú go cuí an timpeallacht eacnamaíoch éiginnte atá bainteach le margadh na tithíochta, más bainteach le tabhairt chun críche roinnt ceantar cónaithe PLÁ atá ann, a chinntiú go ndéantar bonneagar cumasúcháin fisiceach agus sóisialta, ag cur riachtanas dlúis cónaithe an NTA ar aon dul leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Chónaitheachta Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus an mhealltacht sa mhargadh maidir le scéimeanna árasán, chomh maith le comhlíonadh leis na RPGanna agus Croí-Straitéis an Phlean Forbartha a chuireann chun cinn agus a bhfuil mar aidhm aige forbairt a dhéanamh ar cheantair Uirbeacha laistigh den Chontae. Chun seo a bhaint amach, tá an t-údarás pleanála tar éis obair a dhéanamh leis an ÚNI, RCORA, Údaráis Réigiúnacha agus údaráis phleanála Bhaile Átha Cliath mar fhreagairt do riachtanais mhargaidh sa tithíocht ghearrthéarmach, fad agus a bhíonn cuspóirí pleanála fadtéarmach agus inbhuaine Chathair agus Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath á gcosaint.

I ndiaidh chinneadh an Bhoird Phleanála diúltú cead pleanála a thabhairt i gcás ospidéal náisiúnta leanaí a thógáil ar shuíomh an Mater, i gCathair Bhaile Átha Cliath, thacaigh roinn phleanála agus ailtireachta Chomhairle Contae Fhine Gall leis an Roinn Sláinte, an Dolphin Review Group le bheith beacht, grúpa a bhunaigh an tAire Sláinte chun suíomhanna malartacha a aithint ina bhféadfaí an t-ospidéal nua a chur.

**COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA**

Le linn na bliana bhí an Chomhairle ionadaithe ag foireann na Roinne Pleanála i gcás teagmhála leis na comhlachtaí seachtracha seo a leanas:

- Comhdháil Réigiúin an Aerfoirt (ARC), comhdhéanta d'údaráis áitiúla an Aontais Eorpaigh agus na Stát Aontachais a bhfuil aerfoirt shuntasacha suite ina gceantair
- QLAIR – Cáilíocht Saoil i Réigiúin an Aerfoirt (Quality of Life in Airport Regions)
- Coiste Teagmhála Scoile  - An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Fóram Forbartha Cholbha Thuaidh Bhaile Átha Cliath – Comhairlí Chathair Bhaile Átha Cliath agus Chontae Fhine Gall
- Grúpa oibre Beartas agus Cleachtas Ailtireachta bunaithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Grúpa Oibre na Comhairle Oidhreachta
- Ionad Sonraí Bithéagsúlachta Náisiúnta
- Grúpa Oibre Teicniúil na nÚdarás Réigiúnach
- Bord Tionscadail do "My Plan" de chuid na Roinne Comhshaoil
- Grúpa Pháirtithe Leasmhara MCBÁC an Údaráis Iompair Náisiúnta

Le linn 2012, chuaigh Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar lenár gcontrapháirtithe in dhá réigiún déag ón Eoraip chun bheith páirteach i dtionscadal nua IVC Interreg, an Líonra Bonneagar Glas nó GreenInfraNet, a thógann le chéile comhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha ón Eoraip agus atá ag obair le forbairt agus cur i bhfeidhm an bhonneagair ghlais a threisiú ar fud na hEorpa trí thaithí a roinnt agus dea-chleachtais idir na réigiúin a aistriú.

**Plean Oidhreachta Fhine Gall**

Is plean gníomhaíochta cúig bliana é an Plean Oidhreachta a dhéileálann le gach gné dár n-oidhreacht lena n-áirítear ár bhfiadhúlra, oidhreacht ailtireachta, seandálaíocht, stair áitiúil agus cultúr.

Ghlac an Chomhairle le dara Plean Oidhreachta Fhine Gall i mí Aibreáin 2012. Cuimsithe sa Phlean tá 49 gníomh atá le bheith curtha i bhfeidhm thar tréimhse 6 bliana agus is é Oifigeach Oidhreachta na Comhairle a bheidh mar cheannaire air. Chaith an Chomhairle iomlán de €84,000 ar thionscadail sa Phlean Oidhreachta sa bhliain 2012. Chuaigh an Chomhairle ar thóir mhaoinithe de bhreis is €41,000 ón gComhairle Oidhreachta sa bhliain 2012, agus bhí rath ar an dtóraíocht sin.

Le linn 2012, rinneadh obair ar raon leathan tionscadal oidhreachta lena n-áirítear:

**1. Sainchomhairleoir Séadchomharthaí Allamuigh**
I measc na hoibre a rinneadh bhí taispeántas seandálaíochta i mBÁC 15 agus píolótú scéime "Uchtaigh Séadchomhartha" sa chontae.

**2. Cnuasach Staire Béil Fhine Gall**
Tosaíodh Cnuasach Staire Béil Fhine Gall sa bhliain 2008 agus is Roinn Staidéir Áitiúil Fhine Gall de Leabharlanna Chontae Fhine Gall a thosaigh.

**3. Seachtain na hOidhreachta:**
Thacaigh an Chomhairle le roinnt imeachtaí i seachtain na hoidhreachta.

**4. Oileáin, Cósta agus Cairéil; Oidhreacht Gheolaíochta Fhine Gall**
I mí Dheireadh Fómhair 2012 d'fhoilsigh an Chomhairle leabhar nua ar oidhreacht gheolaíochta Fhine Gall.



**5. Sráid an Iarnróid – Tosach Nua**
Tosaíodh ar phróiseas deartha, stiúrtha ag an bpobal, do Shráid an Iarnróid, Baile Brigín mar ghníomh sa Straitéis Fearainn Phoiblí Bhaile Brigín – "Croí Bhaile Brigín".

**6. Túir Martello i mBaile Átha Cliath**
Insíonn seo scéal Túr Martello agus na gunnaí bataire a tógadh idir Bré agus Baile Brigín go luath sa 19ú aois agus d'fhoilsigh Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin é i mí Iúil 2012 le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.

**7. Bainistíocht Coillearnaí ag Diméin Bhaile Lotrail**
Tá speiceas ionrach planda, Labhras Silíní, tar éis páirteanna den choillearnach a ghabháil, agus tá sé mar bhagairt ar mharthanas plandaí neamhchoitianta ar nós Lus an Fhógra. Sa bhliain 2012, bhain Comhairle Contae Fhine Gall, i gcomhpháirtíocht le Caomhnóirí Deonacha Bhaile Átha Cliath an chuid is mó den Labhras Silíní ón gcoillearnach seo.

# Seirbhísí Uisce

**Oifig na dTionscadal**

Tá Oifig na dTionscadal freagrach as soláthar na dtionscadal suntasach maidir le bonneagar uisce agus fuíolluisce chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mheántéarmacha agus fadtéarmacha an Chontae agus an Réigiúin.

- Leathnú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce Léim an Bhradáin – Tá tógáil an fhoirgnimh cóireála agus na struchtúr gaolmhar curtha i gcrích nach mór. Thosaigh suiteáil Mheicniúil/Leictreach sa bhliain 2012. Tá an scéim 55% curtha i gcrích go hiomlán.
- Uasghrádaithe ar Líonra Bhaile Brigín / na Sceirí – Faomhadh dhá chonradh faoin scéim seo le dul ar aghaidh chuig an gcéim tógála. Stáisiún Caidéalúcháin Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus Stáisiún Caidéalúcháin Bhóthar an Rois sna Sceirí. Cuireadh gearrliostú conraitheoirí i gcrích i rith 2012
- Scéim Cóireála Fuíolluisce Phort Reachrann, Dhomhnach Bat, an Rois agus Lusca – Conradh 1 - Cuireadh an t-ionad Cóireála agus an príomhbhonneagar i gcrích i rith 2012
- Scéim Cóireála Fuíolluisce Phort Reachrann, Dhomhnach Bat, an Rois agus Lusca – Conarthaí Líonra – Cuireadh an chéad chonradh a bronnadh (Uasghrádú ar Shéarach Bhóthar an Chainéil) i gcrích i rith 2012.
- Scéim Draenála Réigiúnach Bhaile Brigín – Soláthar Siofóin Life athchóirithe agus monatóirí sreafa buan maolaithe toisc an tInnealltóír Comhairleach bheith tar éis dul faoi leachtú. Sainchomhairleoir nua ceaptha. Tosaíodh ar an bpróiseas tairisceana.
- Leathnú ar ICFU Shoird – Cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích. Fuarthas faomhadh maoinithe chun dul ar aghaidh leis an tógáil.
- Scéim Threisithe do Thuaisceart Soird – Lisín an Airgid go Baile Shiúrdáin. Oibreacha ar an suíomh curtha i gcrích. Feabhsúchán le déanamh ar dhúnphoill le linn 2013
- SLI Scéim Thaiscumar Mhullach Íde – Tá moill leanúnach tar éis bheith ann le haistriú talún ón suíomh go húinéireacht na Comhairle
- SLI Céim 1 Scéim Soláthair Uisce Bhaile Brigín – Thosaigh oibreacha ar an láthair ar 28 Samhain 2011. Tá an tógáil 90% curtha i gcrích. An t-am ionchais atá sé le críochnú ná Aibreán 2013.
- Tionscadal PRV do Chaomhnú Uisce – Méid de €500,000 ar an 2010-2012 WSIP. Maoiniú de €215,000 do chéim 1 den Tionscadal PRV faofa ag an DOECLG. Suiteáladh 4 uimh. PRV sa bhliain 2012, déanta ag saothar díreach CCFG. Tá rannóg Sceite Chomhairle Contae Fhine Gall ag tacú le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath leis an aighneacht do Céim 2 den Chlár PRV
- Clár 'Hotspot' do Chaomhnú Uisce – Figiúr de €4,667 milliún sa 2010-2012 WSIP. Céim 1 le bheith curtha i gcrích ag conraitheoir creata FCC. Rinneadh athbhreithniú ar réimse na n-oibreacha chun tosaíocht a dhéanamh an athuair ar oibreacha i gceantair uirbeacha. Tá Céim 2 (Ceantair Tuaithe) á reáchtáil faoi láthair foireann Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall ós rud é go bhfuil sé bunaithe ar a gclár oibreacha reatha. Tá oibreacha 90% inaisíoctha.

- Scéim Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Shoird – 5.3km de thamhan coincréite réamhstrusta 30" le bheith feabhsaithe trí sciorr líneáil nó athsholáthar. Imscrúdú suímh déanta sa bhliain 2012
- Dúbailt ar Phríomhlíonra Uisce Bhaile Cúlann – Baile an Rí – 7km de phríomphíobáin 900mm – Treoir le haghaidh dearaidh agus Buiséad suas go Céim 3 curtha faoi bhráid RCORA i mí an Mheithimh 2012. Lorgaíodh tuilleadh eolais le cur leis an iarratas buiséid.
- Scéim Soláthair Uisce Bhinn Éadair – Treoir le haghaidh dearaidh agus Buiséad leasaithe curtha faoi bhráid RCORA i mí Iúil 2012 arna fhaomhadh.
- Scéim Soláthair Uisce an Bharda – Cill Sheáin go príobhphíobáin na Gléibe – Soláthraíodh an scéim seo, páirt de Scéim WSS an Bharda, faoi chonarthaí eile leis tSeirbhís Príosún na hÉireann. Cuireadh dhá chonradh i gcrích sa bhliain 2011 agus cuireadh an tríú ceann i gcrích sa bhliain 2012.

**An Oifig Deartha**

Tá an Oifig Deartha freagrach as dearadh agus soláthar bonneagair do sheirbhísí uisce, lena n-áirítear soláthar uisce, fuíolluisce, scéimeanna draenála d'uisce dromchla agus scéimeanna faoisimh tuile, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha sa Chontae.

**Tionscadail Reatha**

- Stáisiún Caidéalúcháin Sheantraibh – Cuireadh pleanáil VIII den scéim seo ar aghaidh i mí na Nollag 2012. Táthar ag súil go dtosófar ar an tógáil sa bhliain 2013.
- Scéim Séarachais Chlochráin – Cuireadh dearadh mionsonraithe i gcrích sa bhliain 2011. Rinneadh athbhreithnithe ar an dearadh sa bhliain 2012. Tá an tógáil le tosú sa bhliain 2013.

## ROINN NA nOIBRÍOCHTAÍ

Tá Roinn na nOibríochtaí freagrach as bainistiú agus cothabháil na líonraí Uisce agus Fuíolluisce agus Ionaid chóireála sa Chontae.



**Soláthar Uisce:**

Tá dhá ionad cóireála ag Comhairle Contae Fhine Gall ag Léim an Bhradáin agus Portach na Roinne a tháirgeann méid cnuasaithe de 170 milliún lítear d'uisce cóireáilte gach lá. Déantar an líonra a bhainistiú trí Chóras Teiliméadrachta Réigiúnach a thugann eolas maidir le leibhéal na dtaiscumar, sreabhadh agus brúnna ó shuíomhanna aistreánacha. Leis an gCóras Eolais Geografach Réigiúnach (GIS) agus an Córas Teiliméadrachta le chéile, tá príomhról acu i mbainistiú an líonra dáilte uisce i bhFine Gall agus i mórcheantar Bhaile Átha Cliath i gcoitinne. Déantar uisce a thriail go rialta ag gach céim den phróiseas cóireála agus le linn an chórais dáilte chun a chinntiú go ndéanfar caighdeáin uisce óil na hEorpa agus Náisiúnta a chomhlíonadh.

### Pléascthaí agus Sceitheadh i rith na bliana 2012

| Líon na bpléascthaí | Ceantar 1 | Ceantar 2 | Ceantar 3 | Iomlán in 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | Baile Brigín/ Sord | Mullach Eadrad/ Caisleán Cnucha | Mullach Íde/ Sord | |
| Líon iomlán pléascthaí i mbliana | 92 | 8 | 14 | 114 |
| Líon na bhfadhbanna sceite deisithe i mbliana | 313 | 172 | 167 | 652 |

- Córas a fhorbairt chun sceitheadh laistigh d'Eastáit nach bhfuil tógtha i gcúram a rianú chomh maith le taobh-sceitheadh príobháideach.
- Le linn 2012, cuireadh amach 46 litir rabhaidh agus 69 Fógra faoi Alt 54 den Acht um Sheirbhísí Uisce go forbróirí nó cuideachtaí bainistíochta d'eastáit nach raibh tógtha i gcúram ag Comhairle Contae Fhine Gall, le sceitheadh fógartha ar thaobh an phobail.
- Eisíodh 50 litir rabhaidh agus 30 Fógra faoi Alt 56(1) den Acht um Sheirbhísí Uisce maidir le taobh-sceitheadh príobháideach nuair gurb é an sealbhóir tí a bhí freagrach as an sceitheadh. Léiríodh an-fhreagairt don tionscnamh seo.
- De bhreis air sin, eisíodh 5 litir go déanach sa bhliain 2012 a thug rabhadh de shrianta féideartha ar sholáthar uisce dá bhfanfadh an sceitheadh gan a bheith deisithe. Astu seo, deisíodh 3 cinn agus cuireadh an 2 cheann eile ar aghaidh chuig an Athbhliain

**Príomhphíobáin agus Séaraigh Tógtha le linn 2012**

| Suíomh | Fad (m) |
|---|---|
| ***Príomhphíobáin*** | |
| Saothar Díreach CCFG | 7,700 |
| Creata Tógála Líonra | 8,617 |
| Conraitheoir | 9,397 |
| | |
| IOMLAN | 25,714 |

- Comhaontú Creata Nua do thógáil phríomhphíobán uisce forbartha agus curtha i bhfeidhm i mí Márta 2012.



**Buaicphointí 2012**

- Stáisiún caidéalúcháin nua ag Cill Sheáin curtha i gcrích.
- Oibreacha uasghrádaithe ag Taiscumar Bhaile Gáire curtha i gcrích.
- Uasghrádú de chaidéil dháileogacha ag ionad OSEC curtha i gcrích.

**Cáilíocht an Uisce**

- Cuireadh an príomhthionscadal aitheanta i gcrích agus tá mapa riosca ard/íseal á ullmhú anois le plé a dhéanamh leis an EPA.
- Córas Cáilíochta Uisce sa líonra a sheolann eolas ar líne ar ais tríd an gCóras Teiliméadrachta.

**Sláinte & Sábháilteacht**

- Obair leanúnach ar siúl chun treoirlínte a fhorbairt agus riosca a mheas atá oiriúnach do na taiscumair laistigh d'Oibríochtaí Uisce agus Draenála.

**Seirbhísí Draenála:**



Feidhmíonn an Chomhairle dhá ionad cóireála fuíolluisce ag Sord agus Mullach Íde. Tá dhá ionad cóireála fuíolluisce ag an gcomhairle ag Barr na gCaorach agus Port Reachrann a fhreastalaíonn ar cheantair Bhaile Brigín / na Sceirí, agus na ceantair Port Reachrann/ Domhnach Bat/An Ros/ Lusca faoi seach, atá á bhfeidhmiú thar ceann na Comhairle ag feidhmí príobháideach. De bhreis air sin, feidhmíonn an Chomhairle roinnt ionad cóireála atá níos lú a fhreastalaíonn ar shráidbhailte tuaithe. Déantar cóireáil ar an bhfuíolluisce ó cheantar Bhaile Bhlainséir ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath ag an Rinn. Tá an Roinn Draenála freagrach as soláthar agus cothabháil na n-ionad cóireála fuíolluisce agus na gcóras bailiúcháin.

**Buaicphointí 2012**

- Leanadh le clár coiscstheach cothabhála sa bhliain 2012 ag díriú ar líonra Mhullach Íde.
- Tógadh flúma nua tomhais ar aistriú séarachais ón Mhí go dtí Cluain Aodha.
- Cuireadh i gcrích Stáisiún Caidéalaithe Nua ag Dúbhóthar.
- Tógadh struchtúr nua ceannbhala inraoin ar shruth ag Maigh Lárach, Baile Brigín.

## AN RANNÓG SAOTHAIR DHÍRIGH:

Tá an Rannóg Saothair Dhírigh freagrach as soláthar bonneagair nua nó athsholáthar go díreach nó trí úsáid a bhaint as conraitheoirí ó Chomhaontú Creata.

**Buaichphóintí 2012**

- Thart ar 25.7km de phríomhphíobáin uisce athsholáthraithe sa Chontae le linn 2012 le meascán de scéimeanna reáchtáilte ag foireann CCFG agus scéimeanna níos mó, reáchtáilte ag conraitheoirí ó Chomhaontú Creata.
- Tógadh dhá shuiteáil Chomhla Laghdaithe Brú nua ag criú an tsaothair dhírigh i mBÁC 15, agus curtha le bheith in oiriúint d'Uath-Rialú Teilimeádrachta
- Rinneadh uasghrádú ar dhá shuiteáil de Chomhlaí Laghdaithe Brú agus tugadh suas go hUath-Rialú Teilimeádrachta iad.

## COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA (CBS)

Thionóil an Coiste um Beartais Straitéiseacha don Chomhshaol (CBS) ceithre huaire le linn 2012. Tá an coiste comhdhéanta de Bhaill Thofa ón gComhairle chomh maith le hionadaithe ó raon leasanna Earnála lena n-áirítear I.B.E.C., I.F.A. agus ionadaí ón bhFóram Pobail agus Deonach.

Príomhról an CBS ná forbairt agus machnamh a dhéanamh ar thorthaí beartas, agus cuirtear seo ar aghaidh ansin go cruinniú iomlán Chomhairle Contae arna fhaomhadh.

Le linn 2012 chuir Roinn na Seirbhísí Uisce seo a leanas faoi bhráid CBS.:

- Cur i láthair maidir le Tionscadal Coigilte Fuinnimh in Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin

**Eochair-Táscaire Feidhmíochta**
**% de phríomhphíobáin uisce deisithe agus soláthar uisce tugtha ar ais laistigh de**

| | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|
| 12 Uair | 89% | 98.5% | 95.7% |
| 24 Uair | 2.5% | 0% | 0% |
| Níos faide ná 24 Uair | 8.5% | 1.5% | 4.3% |

**% de samplaí uisce ag comhlíonadh na Rialachán um Uisce Óil**

| | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| Léim an Bhradáin | 100% | 100% | 99.2% |
| Portach na Roinne | 100% | 100% | 100% |
| Líonra Dáilte | 100% | 100% | 99.8% |

**Leibhéil d'Uisce gan Tásc (UGT)**

| | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| UGT | 31.98% | 33.76% | 32.65% |

**Fad na bPríomhphíobán a Athsholáthraíodh**

| | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| Méadair na bPríomhphíobán a athsholáthraíodh | 12,750 | 36,820 | 25,714 |

**% comhlíonta leis na Rialacháin Cathrach um Chóireáil Fuíolluisce**

| | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| ICFU Shord | 79.48% | 95.4% | 99.2% |
| ICFU Mhullach Íde | 94.5% | 96.4% | 98.0% |
| ICFU hPort Reachrann (Sean) | 53.92% | 50.1% | 32.5% |
| ICFU Phort Reachrann (Nua) | - | - | 100% |
| ICFU Shráidbhailte | 65.58% | 83.4% | 98.0% |
| ICFU Bharr na gCaorach | 97.5% | 98.6% | 98.6% |

**% de samplaí uisce ag comhlíonadh na Rialachán um Uisce Óil**

| | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| Forsceitheadh séarachais ó Stáisiúin Chaidéalúcháin | 39 | 25 | 69 |

## An Rannóg Riaracháin

Tá an Rannóg Riaracháin freagrach as bainistiú prótacail chumarsáide na Seirbhísí Uisce, as bainistiú airgeadais sa rannóg agus as tacaíocht riaracháin a thabhairt d'Oibríochtaí agus do Thionscadail na Seirbhísí Uisce.

## Buaicphointí 2012

- Próiseáladh 136 iarratas ar naisc uisce agus séarach le linn 2012.
- I rith 2012, cuireadh béim bhreise ar na seirbhísí r-phoist agus twitter atá ar fáil. Eisítear r-phoist i gcásanna go mbíonn an briseadh i soláthar an uisce níos faide ná 1 uair (roimhe seo 4 huaire a bhí ann). De thoradh ar fhógraíocht, mangaireacht ón bhfoireann agus ó fhoinsí an liosta iomlán seoltaí r-phoist atá againn do cheantar Fhine Gall ná 621. Is Cumainn Áitritheoirí iad an-chuid díobh seo a bhfuil feidhm leantach acu, rud a chinntiú go bhfaigheann an teachtaireacht lucht féachana níos fairsinge.
- Seoladh 10 rabhadh r-phoist chuig an bpreas/raidió ag tabhairt réamhfhógra dóibh maidir le bristeacha sa soláthar uisce. D'eisigh an Oifig Chumarsáide an-chuid preaseisiúintí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla eile maidir le bristeacha sa soláthar uisce le linn na bliana.
- Fógraíodh 4 theachtaireacht uisce, maidir le caomhnú, síniú chun bheith ar an liosta seoltaí, lochtanna a fhógairt etc, go háitiúil.

